Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/0227(COD)

3.6.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus chuig an gCoiste um Fhorbairt

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda
(COM(2025)0551 – C10-0175/2025 – 2025/0227(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Abir Al-Sahlani

PA_Legam

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus don Choiste um Fhorbairt, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas :

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is é is aidhm don Rialachán seo an clár don Eoraip Dhomhanda (an 'Ionstraim') a bhunú d'fhonn luachanna, prionsabail agus leasanna an Aontais a chaomhnú agus a chur chun cinn ar fud an domhain chun cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaothrú, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) agus in Airteagail 8 agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).	(1) Is é is aidhm don Rialachán seo an clár don Eoraip Dhomhanda (an 'Ionstraim') a bhunú d'fhonn luachanna, prionsabail agus leasanna an Aontais a chaomhnú agus a chur chun cinn ar fud an domhain chun cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaothrú, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) agus in Airteagail 8 agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ***agus in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).***

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ba cheart cur chun feidhme na hIonstraime a bheith bunaithe ar Chláir Oibre Straitéiseacha na Comhairle Eorpaí, ar rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus ar Threoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin, ina leagtar amach fís, treoshuíomhanna straitéiseacha agus tosaíochtaí an Aontais. Agus cumhacht agus comhpháirtíochtaí an Aontais á ngiaráil, ba cheart don ghníomhaíocht sheachtrach a chuirtear chun feidhme faoin Ionstraim luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, an tsíocháin agus an	(4) Ba cheart cur chun feidhme na hIonstraime a bheith bunaithe ar Chláir Oibre Straitéiseacha na Comhairle Eorpaí, ar rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus ar Threoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin, ina leagtar amach fís, treoshuíomhanna straitéiseacha agus tosaíochtaí an Aontais. Agus cumhacht agus comhpháirtíochtaí an Aontais á ngiaráil, ba cheart don ghníomhaíocht sheachtrach a chuirtear chun feidhme faoin Ionstraim luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, ***tacú leis an***

tslándáil a neartú agus ullmhacht, rathúnas agus iomaíochas an Aontais a neartú. Chun tosaíochtaí agus leasanna an Aontais a chur chun cinn ina ghníomhaíocht sheachtrach, ba cheart don Aontas oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

daonlathas, cearta na mban agus an smacht reachta, agus iad a chur chun cinn, tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le forbairt an duine agus le díothú na bochtaineachta, comhionannas inscne a bhunú, an tsíocháin agus an tslándáil a neartú agus ullmhacht, rathúnas***, inbhuanaitheacht*** agus iomaíochas an Aontais a threisiú. Chun tosaíochtaí agus leasanna an Aontais a chur chun cinn ina ghníomhaíocht sheachtrach, ba cheart don Aontas oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Ba cheart cur chun feidhme na hIonstraime, a bheith bunaithe freisin ar Chomhdhearcadh nua Eorpach an 8 Meitheamh 2017 maidir le Forbairt ('an Comhdhearcadh') lena dtugtar an creat le haghaidh cur chuige coiteann an Aontais agus a Bhallstát maidir le comhar um fhorbairt chun Clár Oibre 2030 agus Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme. Deireadh a chur leis an mbochtaineacht, dul i ngleic le hidirdhealú trasnach agus neamhionannais thrasnacha, comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, gan aon duine a fhágáil ar lár gan beann ar inscne, aois, míchumas, reiligiún nó creideamh, gnéaschlaonadh agus léiriú inscne, féiniúlacht, stádas imirce/eitneacht nó tosca eile, an comhshaol a chosaint agus an t-athrú aeráide a chomhrac, aghaidh a thabhairt ar a thionchair a bhaineann le hinscne, agus athléimneacht a neartú, tá na cuspóirí sin i gcroílár an bheartais maidir

	le comhar um fhorbairt agus ba cheart iad a bheith mar bhonn taca faoi chur chun feidhme na hIonstraime.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart an príomhchur chuige i leith gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Ionstraim a bheith trí ghníomhaíochtaí in-chlársceidealaithe geografacha ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal ilnáisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal trasréigiúnach, chun tionchar chúnamh an Aontais a uasmhéadú. Ba cheart an cur chuige sin a chomhlánú, i gcás inarb ábhartha, le gníomhaíochtaí geografacha do-chlársceidealaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le cabhair dhaonnúil, cúnamh macrairgeadais, aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghéarchéime, síochána agus beartais eachtraigh, agus athléimneacht agus iomaíochas a fheabhsú, chomh maith le gníomhaíochtaí domhanda in-chlársceidealaithe agus do-chlársceidealaithe.	(6) Ba cheart an príomhchur chuige i leith gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Ionstraim a bheith trí ghníomhaíochtaí in-chlársceidealaithe geografacha ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal ilnáisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal trasréigiúnach, chun tionchar chúnamh an Aontais a uasmhéadú. Ba cheart an cur chuige sin a chomhlánú, i gcás inarb ábhartha, le gníomhaíochtaí geografacha do-chlársceidealaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le cabhair dhaonnúil, cúnamh macrairgeadais, aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghéarchéime, síochána agus beartais eachtraigh, agus athléimneacht agus iomaíochas a fheabhsú, chomh maith le gníomhaíochtaí domhanda in-chlársceidealaithe agus do-chlársceidealaithe. ***Chun cur i gcrích éifeachtach a áirithiú, le cur chun feidhme na hIonstraime, ba cheart rochtain ar chistiú a shimpliú agus a éascú d'údaráis áitiúla agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban agus eagraíochtaí atá faoi stiúir na mban, go háirithe i suíomhanna leochaileacha, coinbhleachta agus iarchoinbhleachta.***

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ba cheart do ghníomhaíochtaí athléimneachta é a chur ar chumas an Aontais dlús a chur lena chomhar i gcás inar gá i bhfianaise luaineacht an chomhthéacs sheachtraigh. Ba cheart dóibh a bheith solúbtha, lena n-áirítear maidir le freagairt do ghníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar leochaileacht, ar ghéarchéimeanna agus na gníomhaíochtaí sin a threisiú agus tacú leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin, aghaidh a thabhairt ar riachtanais ***maidir le hathshlánú agus atógáil iarchoinbhleachta*** chomh maith le géarchéimeanna a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí.	(11) Ba cheart do ghníomhaíochtaí athléimneachta é a chur ar chumas an Aontais dlús a chur lena chomhar i gcás inar gá i bhfianaise luaineacht an chomhthéacs sheachtraigh. Ba cheart dóibh a bheith solúbtha, lena n-áirítear maidir le freagairt do ghníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar leochaileacht, ar ghéarchéimeanna agus na gníomhaíochtaí sin a threisiú agus tacú leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin ***agus le cearta na mban***, aghaidh a thabhairt ar ***athshlánú iarchoinbhleachta, agus tosaíocht á tabhairt do rannpháirtíocht na mban,*** agus ar riachtanais ***atógála*** chomh maith le géarchéimeanna a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart a áireamh ar riachtanais ghéarchéime, síochána agus beartais eachtraigh gníomhaíochtaí lena gcuirtear ar a chumas don Aontas freagairt do chásanna eisceachtúla gan choinne nó do mhórleas beartais eachtraigh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil bagairt ar an tsíocháin, ar an daonlathas, ar an dlí agus ord, ar chosaint chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a cheapadh ar mhaithe le freagairt éifeachtach, éifeachtúil, chomhtháite agus choinbhleacht-íogair ón Aontas chun síocháin, cobhsaíocht agus cosc coinbhleachta a bhaint amach i gcásanna práinne, géarchéime, leochaileachta, bagairtí hibrideacha, géarchéime atá ag teacht chun cinn nó tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear ***slándáil*** agus ***sábháilteacht*** daoine aonair, go háirithe iad siúd atá	(13) Ba cheart a áireamh ar riachtanais ghéarchéime, síochána agus beartais eachtraigh gníomhaíochtaí lena gcuirtear ar a chumas don Aontas freagairt do chásanna eisceachtúla gan choinne nó do mhórleas beartais eachtraigh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil bagairt ar an tsíocháin, ar an daonlathas, ar an dlí agus ord ***agus ar chearta na mban, a bhfuil bagairtí os a gcomhair mar gheall ar an bhfrithfhreagairt dhomhanda in aghaidh an chomhionannais inscne agus na gceart bunúsach agus ar an méadú atá ag teacht ar an ngnéasachas, ar threochtaí láidre claontachta in aghaidh na mban agus ar reitric fhrith-LADTIA+***, ar chosaint chearta an duine***, chearta na mban*** agus ar shaoirsí bunúsacha. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a cheapadh ar mhaithe le freagairt éifeachtach, éifeachtúil,

neamhchosanta ar fhoréigean ***gnéasach agus*** inscnebhunaithe, i gcásanna éagobhsaíochta; nó i gcás ina bhfuil bagairt ar ghéarú ar choinbhleacht armtha nó an tír chomhpháirtíochta nó na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann a dhíchobhsú go mór. Ba cheart iad a bheith ina dtacú freisin le tionscnaimh nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an bheartais eachtraigh ar fud saincheisteanna polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála agus é a chur ar a chumas don Aontas gníomhú i gcás ina bhfuil deis ann a chuspóirí a bhaint amach, ar cuspóirí iad ar deacair aghaidh a thabhairt orthu ar bhealaí eile.

chomhtháite agus choinbhleacht-íogair ón Aontas chun síocháin, cobhsaíocht agus cosc coinbhleachta a bhaint amach i gcásanna práinne, géarchéime, leochaileachta, bagairtí hibrideacha, géarchéime atá ag teacht chun cinn nó tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear ***trí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le clár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála, sábháilteachta*** agus ***cosanta*** daoine aonair, go háirithe iad siúd atá neamhchosanta ar fhoréigean inscnebhunaithe, ***lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin bearta coisctheacha, seirbhísí cosanta agus tacaíochta atá dírithe ar mharthanóirí, rochtain ar shásraí ceartais agus cuntasachta,*** i gcásanna éagobhsaíochta; nó i gcás ina bhfuil bagairt ar ghéarú ar choinbhleacht armtha nó an tír chomhpháirtíochta nó na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann a dhíchobhsú go mór. Ba cheart iad a bheith ina dtacú freisin le tionscnaimh nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an bheartais eachtraigh ar fud saincheisteanna polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála agus é a chur ar a chumas don Aontas gníomhú i gcás ina bhfuil deis ann a chuspóirí a bhaint amach, ar cuspóirí iad ar deacair aghaidh a thabhairt orthu ar bhealaí eile.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) I gcásanna coinbhleachta, leochaileachta agus téarnaimh iarchoinbhleachta, leis an Ionstraim ba cheart rannchuidiú le cur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-

	áirítear trí rannpháirtíocht fhóinteach na mban i bpróisis síochána, i gcosc coinbhleachtaí, in athchóiriú na hearnála slándála agus in iarrachtaí atógála a áirithiú.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart do ghníomhaíocht an Aontais urraim don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn agus a bheith fréamhaithe ann, lena n-áirítear Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948, agus sa dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus ba cheart uilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine a bheith mar threoir aici.	(16) Ba cheart do ghníomhaíocht an Aontais urraim don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn agus a bheith fréamhaithe ann, lena n-áirítear Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948, agus sa dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus ba cheart uilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine***, lena n-áirítear cearta an duine do mhná agus do chailíní,*** a bheith mar threoir aici.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Foráiltear le hAirteagal 49 CAE go bhféadfaidh aon stát Eorpach a urramaíonn luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta, chomh maith le meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus atá tiomanta do na luachanna sin a chur chun cinn, iarratas a dhéanamh ar bheith ina bhallstát den Aontas. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas,	(17) Foráiltear le hAirteagal 49 CAE go bhféadfaidh aon stát Eorpach a urramaíonn luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta, chomh maith le meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus atá tiomanta do na luachanna sin a chur chun cinn, iarratas a dhéanamh ar bheith ina bhallstát den Aontas. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas,

an dlúthpháirtíocht, an comhionannas ***idir mná agus fir***, an chothroime idirghlúine agus an éagsúlacht chultúrtha. Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe, ar choinníollacht chothrom agus dhian agus ar phrionsabal na dtuillteanas dílis. Ní féidir le Stát Eorpach a bhfuil iarratas déanta aige ar dhul isteach san Aontas a bheith ina stát den Aontas go dtí go mbeidh sé deimhnithe go gcomhlíonann sé na critéir aontachais a bunaíodh ag an gComhairle Eorpach i gCóbanhávan i mí an Mheithimh 1993 (‘critéir Chóbanhávan’) agus ar choinníoll go bhfuil sé d’acmhainneacht ag an Aontas an stát nua a lánpháirtiú. Tiomantas daingean don chur chuige ‘bunphrionsabail ar dtús’, lena n-éilítear fócas láidir ar an smacht reachta, ar an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, ar chearta bunúsacha, ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus ar athchóiriú an riaracháin phoiblí, agus ar chritéir eacnamaíocha, tá an tiomantas sin fíor-riachtanach i gcónaí. Braitheann an dul chun cinn ar chur chun feidhme na n-athchóirithe is gá ag gach tír is iarrthóir agus ag gach iarrthóir ionchasach chun ailíniú le acquis an Aontais.

an dlúthpháirtíocht, an comhionannas ***inscne***, an chothroime idirghlúine agus an éagsúlacht chultúrtha. Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe, ar choinníollacht chothrom agus dhian agus ar phrionsabal na dtuillteanas dílis. Ní féidir le Stát Eorpach a bhfuil iarratas déanta aige ar dhul isteach san Aontas a bheith ina stát den Aontas go dtí go mbeidh sé deimhnithe go gcomhlíonann sé na critéir aontachais a bunaíodh ag an gComhairle Eorpach i gCóbanhávan i mí an Mheithimh 1993 (‘critéir Chóbanhávan’) agus ar choinníoll go bhfuil sé d’acmhainneacht ag an Aontas an stát nua a lánpháirtiú. Tiomantas daingean don chur chuige ‘bunphrionsabail ar dtús’, lena n-éilítear fócas láidir ar an smacht reachta, ar an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, ar chearta bunúsacha, ***ar chomhionannas inscne,*** ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus ar athchóiriú an riaracháin phoiblí, agus ar chritéir eacnamaíocha, tá an tiomantas sin fíor-riachtanach i gcónaí. Braitheann an dul chun cinn ar chur chun feidhme na n-athchóirithe is gá ag gach tír is iarrthóir agus ag gach iarrthóir ionchasach chun ailíniú le acquis an Aontais.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Cumhdaítear in Airteagal 8 CFAE an comhionannas inscne mar bhunluach ar a bhfuil an tAontas fothaithe; de bhrí go ngeallann an tAontas go ndéanfaidh sé an comhionannas inscne a chur chun cinn agus neamhionannais a dhíothú ina ghníomhaíochtaí uile, agus ar an gcaoi sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne a bhunú i réimsí beartais uile an Aontais, arb é atá i gceist leis sin acmhainní leordhóthanacha airgeadais a

	leithdháileadh chomh maith le trédhearcacht iomlán i leithdháiltí buiséadacha atá tiomnaithe do chomhionannas inscne a chur chun cinn agus d'idirdhealú inscnebhunaithe a chomhrac.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Is éard atá i mbeartas an Aontais um méadú infheistíocht straitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht, agus sa rathúnas san Eoraip, agus, leis an mbeartas sin, cuirtear ar a chumas don Aontas a bheith níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil freisin chun leas frithpháirteach an Aontais agus na stát ar mian leo a bheith ina mBallstáit, agus claochlú de réir a chéile ar na tíortha comhpháirtíochta á áirithiú an tráth céanna. Bíonn tionchar cumhachtach claochlaitheach ar stát de dhroim na féidearthachta go mbainfear ballraíocht san Aontas amach, rud a chothaíonn athruithe dearfacha daonlathacha, polaitiúla, eacnamaíocha agus sochaíocha. Is chun leasa choitinn an Aontais agus a chomhpháirtithe é iarrachtaí a chur chun cinn chun a gcórais pholaitiúla, dhlíthiúla agus eacnamaíocha a athchóiriú d'fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas amach anseo agus chun tacú lena bpróiseas aontachais.	(18) Is éard atá i mbeartas an Aontais um méadú infheistíocht straitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht, agus sa rathúnas san Eoraip, agus, leis an mbeartas sin, cuirtear ar a chumas don Aontas a bheith níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil freisin chun leas frithpháirteach an Aontais agus na stát ar mian leo a bheith ina mBallstáit, agus claochlú de réir a chéile ar na tíortha comhpháirtíochta á áirithiú an tráth céanna***, lena n-áirítear cur chun cinn an chomhionannais inscne***. Bíonn tionchar cumhachtach claochlaitheach ar stát de dhroim na féidearthachta go mbainfear ballraíocht san Aontas amach, rud a chothaíonn athruithe dearfacha daonlathacha, polaitiúla, eacnamaíocha agus sochaíocha. Is chun leasa choitinn an Aontais agus a chomhpháirtithe é iarrachtaí a chur chun cinn chun a gcórais pholaitiúla, dhlíthiúla agus eacnamaíocha a athchóiriú d'fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas amach anseo agus chun tacú lena bpróiseas aontachais***, lena n-áirítear athchóirithe lena leathnáitear rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar, rochtain ar obair chuibhiúil, fiontraíocht, maoiniú agus pá comhionann***.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022, tá an tAontas, a Bhallstáit agus institiúidí airgeadais Eorpacha tar éis tacaíocht gan fasach a shlógadh d'athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine. Mar gheall ar scála an damáiste a rinneadh don Úcráin, tá gá le tacaíocht mhór sholúbtha don Úcráin chun feidhmeanna a rialtais a choinneáil ar bun, chun seirbhísí poiblí a sholáthar, agus chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na tíre. Leis an Ionstraim, ba cheart an creat a sholáthar le haghaidh cúnamh i gcomhair théarnamh, atógáil agus nuachóiriú tapa na tíre, chun infheistíochtaí a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, agus chun ailíniú na hÚcráine le caighdeáin agus luachanna an Aontais ar a bealach chun aontachas leis an Aontas a éascú. Ba cheart conair na hÚcráine i dtreo an aontachais a bheith fite fuaite leis na hiarrachtaí atógála. Ba cheart tacaíocht faoin Ionstraim a chomhtháthú, a mhéid is féidir, in iarrachtaí idirnáisiúnta i dtreo ollstruchtúr airgeadais le haghaidh théarnamh na hÚcráine agus ba cheart í a chomhordú le deontóirí ábhartha agus le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta ábhartha chun comhordú agus comhlántacht chuí na tacaíochta a áirithiú.	(19) Ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022, tá an tAontas, a Bhallstáit agus institiúidí airgeadais Eorpacha tar éis tacaíocht gan fasach a shlógadh d'athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine. Mar gheall ar scála an damáiste a rinneadh don Úcráin, tá gá le tacaíocht mhór sholúbtha don Úcráin chun feidhmeanna a rialtais a choinneáil ar bun, chun seirbhísí poiblí a sholáthar, agus chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na tíre. Leis an Ionstraim, ba cheart an creat a sholáthar le haghaidh cúnamh i gcomhair théarnamh, atógáil agus nuachóiriú tapa na tíre, chun infheistíochtaí a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, agus chun ailíniú na hÚcráine le caighdeáin agus luachanna an Aontais ar a bealach chun aontachas leis an Aontas a éascú. Ba cheart conair na hÚcráine i dtreo an aontachais a bheith fite fuaite leis na hiarrachtaí atógála. Ba cheart tacaíocht faoin Ionstraim a chomhtháthú, a mhéid is féidir, in iarrachtaí idirnáisiúnta i dtreo ollstruchtúr airgeadais le haghaidh théarnamh na hÚcráine agus ba cheart í a chomhordú le deontóirí ábhartha agus le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta ábhartha chun comhordú agus comhlántacht chuí na tacaíochta a áirithiú. ***Leis an tacaíocht sin, ba cheart rannpháirtíocht fhóinteach na mban san atógáil, in athchóiriú an riaracháin phoiblí agus sa téarnamh eacnamaíoch a áirithiú, lena n-áirítear bearta lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht agus lena gcuirtear ailíniú le acquis an Aontais i réimse an chomhionannais inscne chun cinn.***

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Is é is aidhm do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais caidreamh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a thógáil le tíortha comhpháirtíochta***, go háirithe*** chun an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, í a dhíothú i gcomhréir le príomhchuspóir bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt a leagtar amach in Airteagal 208 CFAE. Rannchuidíonn comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais freisin le cuspóirí eile de chuid ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe le luachanna agus leasanna bunúsacha an Aontais a chosaint, chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha comhpháirtíochta a chothú.	(23) Is é is aidhm do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais caidreamh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a thógáil le tíortha comhpháirtíochta chun an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, í a dhíothú ***trí bhearta sonracha lena ndírítear ar bhochtaineacht na mban toisc go ndéanann an bhochtaineacht, géarchéimeanna daonnúla, an t-athrú aeráide, coinbhleachtaí foréigneacha, an t-antoisceachas, an sceimhlitheoireacht agus cogaí agus an ganntanas bia difear díréireach do mhná agus do chailíní ar fud an domhain, agus é á chur i dtábhacht gur mó an dóchúlacht go mbíonn teaghlaigh aontuismitheora i mbaol bochtaineachta[1a] agus eisiaimh shóisialta[1b] agus gur mó an dóchúlacht ann go leanfaidh an bhochtaineacht ar aghaidh thar roinnt glúnta[1c],*** i gcomhréir le príomhchuspóir bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt a leagtar amach in Airteagal 208 CFAE. Rannchuidíonn comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais freisin le cuspóirí eile de chuid ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe le luachanna agus leasanna bunúsacha an Aontais a chosaint, chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha comhpháirtíochta a chothú ***bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais***.

[1a] EIGE, 'Poverty, gender and lone parents in the EU' [An Bhochtaineacht, inscne agus tuismitheoirí aonair san Aontas Eorpach], 2024, leathanach 10,

https://eige.europa.eu/about/beijing-platform-for-action?ba=293

[1b] Ibid., leathanach 40; Staidéar arna iarraidh ag an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne i bParlaimint na hEorpa, 'The situation of single parents in the EU' [Staid tuismitheoirí aonair san Aontas], An Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, Parlaimint na hEorpa, 2020, leathanach 14, https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2020/659870/IPOL_STU(2020)659870_EN.pdf

[1c] Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, 'Towards the eradication of poverty' [I dtreo dhíothú na bochtaineachta], 2025, leathanach 40 https://www.eapn.eu/towards-the-eradication-of-poverty-paper-out-now/

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Le cur chun feidhme na hIonstraime ba cheart tacú leis an straitéis Global Gateway[10], le straitéis infheistíochta seachtraí an Aontais chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn in éineacht le tíortha comhpháirtíochta. Mar phríomhcholún de bheartas eachtrach eacnamaíoch an Aontais, tá sé d'aidhm aige borradh a chur faoi bhonneagar slán ardcháilíochta a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta chun rathúnas inbhuanaithe agus poist chuibhiúla a chruthú, agus ar an gcaoi sin naisc idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a neartú, agus leas straitéiseach agus eacnamaíoch an Aontais á dhéanamh an tráth céanna. Leis an straitéis sin, déantar infheistíochtaí i mbonneagar slán a ghiaráil agus béim á	(24) Le cur chun feidhme na hIonstraime ba cheart tacú leis an straitéis Global Gateway[10], le straitéis infheistíochta seachtraí an Aontais chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn in éineacht le tíortha comhpháirtíochta. Mar phríomhcholún de bheartas eachtrach eacnamaíoch an Aontais, tá sé d'aidhm aige borradh a chur faoi bhonneagar slán ardcháilíochta a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta chun rathúnas inbhuanaithe agus poist chuibhiúla a chruthú, agus ar an gcaoi sin naisc idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a neartú, agus leas straitéiseach agus eacnamaíoch an Aontais á dhéanamh an tráth céanna. Leis an straitéis sin, déantar infheistíochtaí i mbonneagar slán a ghiaráil agus béim á

leagan ar ***dhigiteáil***, aeráid agus fuinneamh, iompar, sláinte, agus oideachas agus taighde. Tacaíonn sí le tíortha a fhéachann lena n-athléimneacht a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe, agus an tráth céanna neartaíonn sí comhpháirtíochtaí atá tábhachtach d'uathriail straitéiseach oscailte an Aontais. Is tairiscint bunaithe ar luach é Global Gateway freisin a chuireann ardchaighdeáin shóisialta, chomhshaoil, rialachais agus airgeadais chun cinn, agus a sheasann leis an daonlathas, leis an smacht reachta ***agus*** le cearta an duine.	leagan ar ***chomhionannas inscne, digitiú***, aeráid agus fuinneamh, iompar, sláinte, agus oideachas agus taighde. Tacaíonn sí le tíortha a fhéachann lena n-athléimneacht a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe, agus an tráth céanna neartaíonn sí comhpháirtíochtaí atá tábhachtach d'uathriail straitéiseach oscailte an Aontais. Is tairiscint luachbhunaithe é Global Gateway freisin a chuireann ardchaighdeáin shóisialta, chomhshaoil, rialachais agus airgeadais chun cinn, agus a sheasann leis an daonlathas, leis an smacht reachta, ***leis an gcomhionannas inscne,*** le cearta an duine ***agus le cearta na mban***.
[10] Teachtaireacht Chomhpháirteach (JOIN/2021/30 final) chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta - Global Gateway.	[10] Teachtaireacht Chomhpháirteach (JOIN/2021/30 final) chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta - Global Gateway.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh i gcomhthéacsanna ina bhfuil leibhéil an-ard leochaileachta, limistéir choinbhleachta, agus suíomhanna casta eile, ag tacú leo trí chur chuige difreáilte chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus, an tráth céanna, rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a sholáthar agus athléimneacht pobal a chur chun cinn, feadh an naisc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin.	(25) Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh i gcomhthéacsanna ina bhfuil leibhéil an-ard leochaileachta, limistéir choinbhleachta, agus suíomhanna casta eile, ag tacú leo trí chur chuige difreáilte chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus, an tráth céanna, rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a sholáthar***, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe,*** agus athléimneacht pobal a chur chun cinn, feadh an naisc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionchar difreáilte na leochaileachta agus na coinbhleachta ar mhná agus ar chailíní***

	agus ar an ról atá acu mar ghníomhaithe don athléimneacht eacnamaíoch agus don téarnamh eacnamaíoch.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart don Ionstraim rannchuidiú leis an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú. ***I gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[11],*** ba cheart don Ionstraim rannchuidiú le ***cur chuige comhleanúnach agus cuimsitheach i leith na*** slándála ***chun slándáil an Aontais a fheabhsú***.	(26) Ba cheart don Ionstraim rannchuidiú leis an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú ***agus, ag an am céanna, cearta na mban agus comhionannas inscne a chosaint mar ghnéithe lárnacha den tslándáil.*** Ba cheart don ionstraim rannchuidiú le ***cur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil mar a bunaíodh le rún 1325 (2000) ó Chomhairle*** Slándála ***na Náisiún Aontaithe agus le rúin eile ina dhiaidh sin toisc gur uirlis bhunriachtanach í i gcónaí chun a áirithiú go n-urramaítear agus go gcloítear i gcónaí le cearta, gníomhaireacht agus cosaint na mban agus na gcailíní agus chun a dheimhniú go n-áirithítear rannpháirtíocht fhóinteach chomhionann na mban i ngach institiúid agus i ngach próiseas chun coinbhleachtaí a chosc, síocháin a dhéanamh, síocháin a chothú agus athshlánú iarchoinbhleachta a dhéanamh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gníomhaíocht shonrach i gcomhthéacs ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais cur in aghaidh na frithfhreagartha domhanda in aghaidh an chomhionannais inscne agus chearta na mban agus na gcailíní agus na mbeart díoltais, an fhoréigin, na mbagairtí agus na n-ionsaithe atá ag dul i méid in aghaidh na mban agus na gcailíní agus gníomhaithe LADTIA+, as líne agus ar líne araon, agus ba cheart díriú go háirithe ar chosantóirí chearta an duine***

ar mná iad, ar iriseoirí ban, ar chothaitheoirí síochána ban, ar eagraíochtaí pobail na mban, ar mhná atá gníomhach go polaitiúil, ar mhná ar imircigh iad agus ar mhná de mhionlaigh eitneacha, ar mhná a easáitítear d'éigeantas, agus ar gach bean agus cailín eile i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht agus géarchéim ar siúl.

---

*[11] **Teachtaireacht (COM/2025/148 final) ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach.***

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ba cheart don Ionstraim athléimneacht dhaonlathach a neartú i dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac, meáin shaora agus iolraíocha a chumhachtú, rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn, cothroime agus sláine na bpróiseas toghchánach agus daonlathach eile a áirithiú, agus trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí.	(27) Ba cheart don Ionstraim athléimneacht dhaonlathach a neartú i dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac, ***lena n-áirítear bréagaisnéis inscne, ar bréagaisnéis í lena ndírítear d'aon ghnó ar mhná, go háirithe iad siúd atá infheicthe sa saol poiblí,*** meáin shaora agus iolraíocha a chumhachtú, ***sábháilteacht agus neamhspleáchas gairmiúil iriseoirí ban a chosaint agus rannpháirtíocht chomhionann iriseoirí ban a áirithiú, iriseoirí ban a chosaint ar fhoréigean agus ciapadh inscnebhunaithe ar líne agus as líne,*** rannpháirtíocht na saoránach ***agus sochaí shibhialta chuimsitheach*** a chur chun cinn, cothroime agus sláine na bpróiseas toghchánach agus daonlathach eile a áirithiú, agus trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an***

	gcomhrac in aghaidh gníomhaithe agus líonraí comhordaithe frith-chomhionannais inscne, frith-LADTIA+ agus frithcheart, lena n-áirítear iad siúd atá ag gabháil d'fheachtais bhréagaisnéise agus do dhlíthíocht straitéiseach chun iarracht a dhéanamh cearta bunúsacha amhail comhionannas inscne, sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, agus cearta LADTIA+ a theorannú. Bíonn tionchar díréireach ag na hionsaithe comhordaithe sin ar chosantóirí ban agus LADTIA+ chearta an duine, ar iriseoirí, ar acadóirí, ar ionadaithe tofa agus ar ghníomhaithe, agus is é is aidhm dóibh iad siúd a chosnaíonn comhionannas inscne agus cearta bunúsacha a chur ina dtost nó imeaglú a dhéanamh orthu.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) I gcomhréir le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030 a glacadh ag an Tríú Comhdháil Dhomhanda de na Náisiúin Aontaithe maidir le Laghdú Rioscaí Tubaiste an 18 Márta 2015[12], ba cheart a aithint nach mór imeacht ón bhfreagairt agus srianadh géarchéime go cur chuige níos struchtúrtha, níos fadtéarmaí lena dtugtar aghaidh ar chásanna leochaileachta, tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine, agus géarchéimeanna fada ar bhealach níos éifeachtaí. Tá gá le tuilleadh béime agus cur chuige comhchoiteann maidir le laghdú riosca, bainistiú riosca tubaistí, luathrabhadh, cosc, maolú agus ullmhacht, agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar fhreagairt thapa agus ar théarnamh marthanach. Leis an ionstraim seo, ba cheart tacú le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí lena neartaítear bainistiú	(28) I gcomhréir le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030 a glacadh ag an Tríú Comhdháil Dhomhanda de na Náisiúin Aontaithe maidir le Laghdú Rioscaí Tubaiste an 18 Márta 2015[12], ba cheart a aithint nach mór imeacht ón bhfreagairt agus srianadh géarchéime go cur chuige níos struchtúrtha, níos fadtéarmaí***, ina dtugtar róil cheannaireachta do mná agus do chailíní agus ina mbíonn siad rannpháirteach i ngach céim den bhainistíocht riosca,*** lena dtugtar aghaidh ar chásanna leochaileachta, tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine, agus géarchéimeanna fada ar bhealach níos éifeachtaí. Tá gá le tuilleadh béime agus cur chuige comhchoiteann maidir le laghdú riosca, bainistiú riosca tubaistí, luathrabhadh, cosc, maolú agus ullmhacht, agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar

riosca tubaistí agus géarchéime, lena n-infheistítear in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus lena bhfeabhsaítear athléimneacht feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha. Dá bhrí sin, ba cheart an Ionstraim a bheith ina rannchuidiú chun an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin a neartú.

fhreagairt thapa agus ar théarnamh marthanach. Leis an ionstraim seo, ba cheart tacú le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí lena neartaítear bainistiú riosca tubaistí agus géarchéime, lena n-infheistítear in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus lena bhfeabhsaítear athléimneacht feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha. Dá bhrí sin, ba cheart an Ionstraim a bheith ina rannchuidiú chun an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin a neartú.

[12] 'Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste', a glacadh an 18 Márta 2015 agus a d'fhormhuinigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 3 Meitheamh 2015 (A/RES/69/283).

[12] 'Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste', a glacadh an 18 Márta 2015 agus a d'fhormhuinigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 3 Meitheamh 2015 (A/RES/69/283).

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Leis an Ionstraim, ba cheart borradh a chur faoi neamhspleáchas eacnamaíoch daoine i limistéir thuaithe, sna limistéir is forimeallaí agus i limistéir oileánacha, tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn, go háirithe fiontraíocht na mban, agus trí rochtain ar oiliúint theicniúil agus ar chistiú freagrach a chur chun cinn. Ba cheart a chur san áireamh sa chlársceidealú, i gcás inar féidir, tionchar an oileánachais agus an leithlisithe gheografaigh ar fhostaíocht, ar shoghluaisteacht agus ar rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha do mhná.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36a) Tá sé tábhachtach rochtain ar chistiú a áirithiú d'eagraíochtaí um chearta na mban a oibríonn i dtimpeallachtaí leochaileacha ina bhfuil coinbhleacht ar siúl trí shimpliú a dhéanamh trí nósanna imeachta a chuíchóiriú, ceanglais tuairiscithe a laghdú agus rialuithe comhréireacha a áirithiú.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) I gcomhthéacs domhanda ina bhfuil ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar iomaíocht ghéar gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch, lena mbaineann dúshláin dhomhanda, idir athrú aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta agus teannas maidir le hacmhainní tearca, spleáchais theicneolaíocha***, brú leanúnach imirce*** nó suaitheadh eacnamaíoch agus trádála, chomh maith le bagairtí slándála ***agus*** leochaileacht, ní mór don ghníomhaíocht sheachtrach freagairt go leanúnach agus go tapa do riachtanais atá ag teacht chun cinn, chomh maith le gníomhú chun tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn, chun tosaíochtaí an Aontais agus na gcomhpháirtithe a shaothrú go héifeachtach. Chun cur le cumas an Aontais freagairt do riachtanais gan choinne agus a chomhpháirtíochtaí a oiriúnú do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus ag tógáil ar thaithí na gCistí Eorpacha Forbraíochta agus Rialachán (AE) 2021/947, ba cheart méid áirithe a fhágáil gan leithdháileadh mar chúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ba cheart é a chur in úsáid i	(41) I gcomhthéacs domhanda ina bhfuil ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar iomaíocht ghéar gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch, lena mbaineann dúshláin dhomhanda, idir athrú aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta agus teannas maidir le hacmhainní tearca, ***gluaiseachtaí frith-inscne atá ag teacht chun cinn, a shainmhínítear mar ghluaiseachtaí a fhéachann leis an mbonn a bhaint ón gcomhionannas inscne mar bhunluach de chuid an daonlathais, agus frithfhreagairt in aghaidh chearta na mban agus reitric atá ag éirí níos frithbhanda agus a bhfuil gné mhéadaitheach frith-LADTIA+ ag baint léi,*** spleáchais theicneolaíocha nó suaitheadh eacnamaíoch agus trádála, chomh maith le bagairtí slándála***,*** leochaileacht ***agus géarchéim dhaonnúil, chomh maith le cúlú daonlathach, ciorruithe ar chistiú agus brú siar ar chroíluachanna amhail comhionannas inscne***, ní mór don ghníomhaíocht sheachtrach freagairt go leanúnach agus go tapa do riachtanais atá ag teacht chun cinn, chomh maith le gníomhú chun tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn, chun tosaíochtaí an Aontais agus na

gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo.

gcomhpháirtithe a shaothrú go héifeachtach. Chun cur le cumas an Aontais freagairt do riachtanais gan choinne agus a chomhpháirtíochtaí a oiriúnú do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus ag tógáil ar thaithí na gCistí Eorpacha Forbraíochta agus Rialachán (AE) 2021/947, ba cheart méid áirithe a fhágáil gan leithdháileadh mar chúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ba cheart é a chur in úsáid i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo. ***Sa chomhthéacs sin, is bagairt don athléimneacht dhaonlathach, don chobhsaíocht shóisialta agus don fhorbairt inbhuanaithe iad an fhrithfhreagairt dhomhanda in aghaidh an chomhionannais inscne agus teorannú chearta na mban agus na gcailíní agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.***

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Ba cheart gurb é an comhthéacs foriomlán le haghaidh gníomhaíochta ord domhanda atá bunaithe ar rialacha agus ar luachanna a shaothrú, agus an t-iltaobhachas mar phríomhphrionsabal aige agus na Náisiúin Aontaithe (NA) ina chroílár. Is é Clár Oibre 2030, mar aon le Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide[21] (‘Comhaontú Pháras’), Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal[22], Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta[23] agus an Comhshocrú don Todhchaí[24], freagairt an chomhphobail idirnáisiúnta do dhúshláin agus treochtaí	(42) Ba cheart gurb é an comhthéacs foriomlán le haghaidh gníomhaíochta ord domhanda atá bunaithe ar rialacha agus ar luachanna a shaothrú, agus an t-iltaobhachas mar phríomhphrionsabal aige agus na Náisiúin Aontaithe (NA) ina chroílár. Is é Clár Oibre 2030, mar aon le Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide[21] (‘Comhaontú Pháras’), Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal[22], Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta[23] agus an Comhshocrú don Todhchaí[24], freagairt an chomhphobail idirnáisiúnta do dhúshláin agus treochtaí

domhanda i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe. Leis an Ionstraim, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar idirnaisc idir spriocanna forbartha inbhuanaithe agus ar ghníomhaíochtaí comhtháite lenar féidir comhthairbhí a chruthú agus ilchuspóirí a bhaint amach ar bhealach comhleanúnach.

domhanda i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe. Leis an Ionstraim, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar idirnaisc idir spriocanna forbartha inbhuanaithe agus ar ghníomhaíochtaí comhtháite lenar féidir comhthairbhí a chruthú agus ilchuspóirí a bhaint amach ar bhealach comhleanúnach. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart do gach gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht faoin Ionstraim an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thacaíocht airgeadais d'infheistíochtaí atá díobhálach don chomhshaol a eisiamh.***

---

[21] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lgh. 1–3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1841/oj).

[22] 'Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal', arna ghlacadh ag an 15ú comhdháil de na Páirtithe (COP 15) sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 19 Nollaig 2022.

[23] 'Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta', a glacadh an 16 Meitheamh 2015 agus a d'fhormhuinigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 27 Iúil 2015 (A/RES/69/313).

[24] 'An Comhshocrú don Todhchaí', arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 22 Meán Fómhair 2024 (A/RES/79/1).

[21] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1841/oj).

[22] 'Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal', arna ghlacadh ag an 15ú comhdháil de na Páirtithe (COP 15) sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 19 Nollaig 2022.

[23] 'Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta', a glacadh an 16 Meitheamh 2015 agus a d'fhormhuinigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 27 Iúil 2015 (A/RES/69/313).

[24] 'An Comhshocrú don Todhchaí', arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 22 Meán Fómhair 2024 (A/RES/79/1).

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Ba cheart don Aontas dlúthchomhairliúchán a chothú leis na húdaráis áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta, agus tacú lena rannpháirtíocht i rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart don Aontas tacú freisin le timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta, inar féidir leis na heagraíochtaí sin a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach. Leis an Ionstraim, ba cheart tacaíocht ón Aontas a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus d'údaráis áitiúla chun luachanna, leasanna agus cuspóirí an Aontais a shaothrú. Ba cheart dul i gcomhairle go cuí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le húdaráis áitiúla agus ba cheart rochtain thráthúil a bheith acu ar fhaisnéis ábhartha ionas gur féidir leo a bheith rannpháirteach go leordhóthanach.	(46) Ba cheart don Aontas dlúthchomhairliúchán ***agus comhpháirtíochtaí fóinteacha*** a chothú leis na húdaráis áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta, chomh maith le tacú lena rannpháirtíocht i rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar an leibhéal áitiúil***, trí bhuiséad leormhaith a leithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí in-ríomhchláraithe atá tiomnaithe ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban***. Ba cheart don Aontas tacú freisin le timpeallacht chumasúcháin ***agus shlán*** don tsochaí shibhialta, ***lena n-áirítear d'eagraíochtaí ban agus LADTIA+ agus d'eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas*** inar féidir leis na heagraíochtaí sin a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach. Leis an Ionstraim, ba cheart tacaíocht ***pholaitiúil agus airgeadais*** ón Aontas a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus d'údaráis áitiúla chun luachanna, leasanna agus cuspóirí an Aontais a shaothrú. Ba cheart dul i gcomhairle go cuí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le húdaráis áitiúla agus ba cheart rochtain thráthúil a bheith acu ar fhaisnéis ábhartha ionas gur féidir leo ***bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí agus*** a bheith rannpháirteach go leordhóthanach ***agus go fóinteach ag gach céim de phróiseas cláir***.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(46a) Leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé cistiú a dheonú faoi chlár sonrach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann comhionannas inscne chun

cinn, a dhéanann foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus cearta na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus cearta daoine LADTIA+, agus ba cheart an méid sin a áirithiú, go háirithe i gcás ina mbíonn brú polaitiúil, srianta dlíthiúla, ciorruithe nó ionsaithe cistiúcháin roimh na heagraíochtaí sin.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ba cheart cur chun feidhme na hIonstraime a bheith á threorú ag prionsabail an chomhionannais inscne, ***chumhachtú*** na mban agus na gcailíní ***agus an prionsabal maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac,*** agus ba cheart féachaint le cearta na mban a chosaint ***agus*** a chur chun cinn i gcomhréir ***leis an*** Treochlár um Chearta na mBan[26], leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne[27], le Pleananna Gníomhaíochta AE maidir le hInscne, le conclúidí ábhartha ón gComhairle agus le coinbhinsiúin idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le foréigean in aghaidh na mban[28]. Trí ***chomhionannas*** inscne agus ***cumhachtú*** na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus ***trí iarrachtaí a mhéadú chun*** na híoschaighdeáin feidhmíochta a luaitear i bPleananna Gníomhaíochta AE maidir le hInscne a bhaint amach, ba cheart cur chuige atá ***íogair*** ó thaobh inscne agus claochlaitheach a bheith ann i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais agus sa chomhar idirnáisiúnta. Ba cheart comhionannas inscne agus ***cumhachtú*** na mban agus na gcailíní a phríomhshruthú	(47) Ba cheart cur chun feidhme na hIonstraime a bheith á threorú ag prionsabail an chomhionannais inscne, ***chearta*** na mban agus na gcailíní agus ba cheart féachaint le cearta na mban a chosaint***,*** a chur chun cinn ***agus a chomhlíonadh*** i gcomhréir ***le gealltanais idirnáisiúnta, amhail an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus Dearbhú Bhéising agus an Clár Oibre Gníomhaíochta agus toradh na gcomhdhálacha athbhreithnithe a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, lena n-áirítear gealltanais maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, agus rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin agus gealltanais ina dhiaidh sin a leagtar amach sa*** Treochlár um Chearta na mBan[26], leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne[27], le Pleananna Gníomhaíochta AE maidir le hInscne***, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil***, le conclúidí ábhartha ón gComhairle agus le coinbhinsiúin idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le foréigean in aghaidh na mban[28]. ***Leis an gcur chun feidhme, ba cheart gach cineál foréigin***

faoin Ionstraim agus ba cheart iad a léiriú go leordhóthanach sna gníomhaíochtaí uile.

inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht agus aghaidh a thabhairt ar chineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe agus iad a chosc. Trí ***ghníomhaíochtaí spriocdhírithe príomhshruthaithe maidir le comhionannas*** inscne agus ***cearta*** na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus na híoschaighdeáin feidhmíochta a luaitear i bPleananna Gníomhaíochta AE maidir le hInscne a bhaint amach, ***lena n-áirítear spriocanna caiteachais,*** ba cheart cur chuige atá ***freagrúil*** ó thaobh inscne agus claochlaitheach a bheith ann i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais agus sa chomhar idirnáisiúnta***, rud atá ríthábhachtach chun forbairt inbhuanaithe agus síocháin agus slándáil a bhaint amach. Ba cheart a áireamh sa chur chuige sin bearta nithiúla chun na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní a dhúnadh trí bhorradh a chur faoi rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, trí thacú le fiontraíocht na mban agus le rochtain na mban ar mhaoiniú, trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i bpoist ardcháilíochta, agus trí chórais phá chothroma, thrédhearcacha agus neamhchlaonta atá bunaithe ar fhiúntas a chur chun cinn***. Ba cheart comhionannas inscne agus ***cearta*** na mban agus na gcailíní a phríomhshruthú faoin Ionstraim agus ba cheart iad a léiriú go leordhóthanach sna gníomhaíochtaí uile***, agus spriocanna soiléire agus torthaí intomhaiste a bheith ag gabháil leo***. ***Chun an cur chuige príomhshruthaithe agus spriocdhírithe sin maidir le comhionannas inscne san Ionstraim seo a áirithiú, ba cheart 85 % ar a laghad de COF uile an Aontais a thiomnú do chláir a bhfuil comhionannas inscne ar cheann dá gcuspóirí (marcóir G1 nó G2 ECFE), agus 20 % de COF a thiomnú do thionscadail atá dírithe ar inscne (marcóir G2 ECFE). Ba cheart 5 % de COF a***

thiomnú do thacaíocht d'eagraíochtaí um chearta na mban.

[26] Teachtaireacht (COM/2025/97 final) ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Treochlár um Chearta na mBan.

[27] Teachtaireacht (COM/2020/152 final) ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025.

[28] 'Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac', (CETS Uimh. 210) a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014, https://www.coe.int/en/web/conventions/full-list?module=treaty-detail&treatynum=210.

[26] Teachtaireacht (COM/2025/97 final) ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Treochlár um Chearta na mBan.

[27] Teachtaireacht (COM/2020/152 final) ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025.

[28] 'Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac', (CETS Uimh. 210) a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014, https://www.coe.int/en/web/conventions/full-list?module=treaty-detail&treatynum=210.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(47a) Agus an Ionstraim seo á cur chun feidhme, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban agus gáinneáil ar dhaoine.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Leis an Ionstraim ba cheart tacú le leanaí agus leis an óige mar phríomhghníomhairí don athrú, agus aird ar leith á tabhairt ar a riachtanais agus ar a gcumhachtú. Ba cheart féachaint le hidirdhealú bunaithe ar aois, ar bhunadh eitneach, ar reiligiún agus ar chreideamh, ar mhíchumas ***nó*** ar ghnéaschlaonadh ***a chosc agus a chomhrac léi***. Ba cheart cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn léi, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[29].	(48) Leis an Ionstraim, ba cheart tacú le leanaí agus leis an óige mar phríomhghníomhaithe don athrú, agus aird ar leith á tabhairt ***ar a gcearta,*** ar a riachtanais agus ar a gcumhachtú***, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh***. Ba cheart féachaint le hidirdhealú ***trasnach a chosc agus a chomhrac léi, lena n-áirítear idirdhealú*** bunaithe ar aois, ar ***chúlra*** eitneach ***nó ciníoch***, ar reiligiún agus ar chreideamh, ar mhíchumas***, ar inscne,*** ar ghnéaschlaonadh***, ar fhéiniúlacht, ar léiriú inscne agus ar shaintréithe gnéis***. Ba cheart cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn léi, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[29].
[29] An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), a tháinig i bhfeidhm an 3 Bealtaine 2008 https://social.desa.un.org/issues/disability/crpd/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities-crpd#Fulltext.	[29] An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), a tháinig i bhfeidhm an 3 Bealtaine 2008 https://social.desa.un.org/issues/disability/crpd/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities-crpd#Fulltext.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(48a) Ba cheart a áirithiú leis an Ionstraim go ndéanfar bearta spriocdhírithe agus tiomnaithe araon chun tacú le cearta daoine faoi mhíchumas agus go ndéanfar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas a phríomhshruthú sna cláir chistiúcháin uile trína neamhspleáchas eacnamaíoch, a rochtain ar fhostaíocht agus a rannpháirtíocht shóisialta iomlán a chur chun cinn trí bhearta atá comhréireach, inmheasta agus dírithe ar thorthaí. Leis

	na tionscadail, ba cheart prionsabail na hinrochtaineachta agus an deartha chuimsithigh a urramú freisin, rud lena n-áiritheofar bainistiú éifeachtúil cistí agus lena seachnófar bacainní a chuireann teorainn le tionchar na n-infheistíochtaí. Leis an Ionstraim, ba cheart tacú freisin le gníomhaíochtaí sonracha chun foréigean, mí-úsáid agus dúshaothrú daoine faoi mhíchumas a chosc, go háirithe mná agus cailíní, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus le heagraíochtaí áitiúla creidiúnaithe, agus ar an gcaoi sin a gcosaint a neartú agus a áirithiú nach bhfágfar ar lár iad siúd atá sna cásanna is leochailí in aon chlár cistithe.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Á aithint di go bhfuil géarchéim thriarach phláinéadach na haeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe tar éis dul in olcas le 10 mbliana anuas agus nach féidir leis an Aontas í a réiteach leis féin, trí thacú leis an gcomhar idirnáisiúnta, ba cheart ról ríthábhachtach a bheith ag an Ionstraim chun spriocanna aeráide agus comhshaoil arna gcomhaontú go hiltaobhach a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart don Aontas tacú leis na tíortha is leochailí, go háirithe na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus na tíortha is lú forbairt.	(49) Á aithint di go bhfuil géarchéim thriarach phláinéadach na haeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe tar éis dul in olcas le 10 mbliana anuas agus nach féidir leis an Aontas í a réiteach leis féin, trí thacú leis an gcomhar idirnáisiúnta, ba cheart ról ríthábhachtach a bheith ag an Ionstraim chun spriocanna aeráide agus comhshaoil arna gcomhaontú go hiltaobhach a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart don Aontas tacú leis na tíortha is leochailí ***agus leis na daoine is leochailí dá ndéantar difear trí ghné na hinscne a chur san áireamh,*** go háirithe na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus na tíortha is lú forbairt.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 57 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(57a) Ba cheart don Aontas tionchair inscne a chur san áireamh agus tacú le forbairt inbhuanaithe agus shocheacnamaíoch na bpobal áitiúil agus aghaidh á tabhairt aige ar bhunchúiseanna an easáitithe éigeantais agus na himirce neamhrialta agus a áirithiú go gcuirfear gach gníomhaíocht agus clár ábhartha chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais inscne.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 59

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(59) Faoin Ionstraim, ba cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar rialachas daonlathach ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí mhisin bhreathnóireachta toghcháin, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas[35]. I gcás inarb ábhartha, maidir le cúnamh an Aontais i réimsí a bhaineann le cosaint do chearta an duine agus luachanna agus prionsabail dhaonlathacha agus tacaíocht do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, ba cheart dó a bheith neamhspleách ar thoiliú rialtais agus údaráis phoiblí na dtíortha comhpháirtíochta lena mbaineann. Ós rud é go bhfuil an urraim don daonlathas, do chearta an duine agus don smacht reachta fíor-riachtanach le haghaidh bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach ón Aontas dá dtagraítear i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, d'fhéadfaí cúnamh a chur ar fionraí i gcás díghrádú ar an daonlathas, ar chearta an duine nó ar an smacht reachta i dtríú tíortha.	(59) Faoin Ionstraim, ba cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar rialachas daonlathach ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí mhisin bhreathnóireachta toghcháin, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas[35]***. Baineann creimeadh an chomhionannais inscne agus teorannú chearta na mban an bonn ón rialachas daonlathach agus ón smacht reachta agus ba cheart iad a mheas mar chuid den mheasúnú sin***. I gcás inarb ábhartha, maidir le cúnamh an Aontais i réimsí a bhaineann le cosaint do chearta an duine agus luachanna agus prionsabail dhaonlathacha agus tacaíocht do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, ba cheart dó a bheith neamhspleách ar thoiliú rialtais agus údaráis phoiblí na dtíortha comhpháirtíochta lena mbaineann. Ós rud é go bhfuil an urraim don daonlathas, do chearta an duine agus don smacht reachta fíor-riachtanach le haghaidh bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach ón Aontas dá dtagraítear i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, d'fhéadfaí cúnamh a

chur ar fionraí i gcás díghrádú ar an daonlathas, ar chearta an duine nó ar an smacht reachta i dtríú tíortha. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta na mban, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht agus srianta tromchúiseacha ar chomhionannas inscne.***

[35] Teachtaireacht Chomhpháirteach (JOIN/2020/5 final) chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024.

[35] Teachtaireacht Chomhpháirteach (JOIN/2020/5 final) chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, ba cheart iad a roghnú ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh chuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na costais a bhaineann le rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamhchomhlíontachta a bhfuil coinne leis. Agus an rogha sin á déanamh, ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí comhréidhe, chomh maith le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais na hoibríochta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 125(1), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheith san áireamh anseo. Ba cheart don Aontas a bheith in ann cúraimí cur chun feidhme buiséid faoi Airteagal 62(1), pointe (c) (viii) de Rialachán (AE) 2024/2509 a chur ar iontaoibh Institiúid an Aontais um Staidéar Slándála agus ar an	(68) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, ba cheart iad a roghnú ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh chuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na costais a bhaineann le rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamhchomhlíontachta a bhfuil coinne leis ***agus ar an ngá atá leis an smacht reachta, cearta bunúsacha, comhionannas inscne, príomhshruthú inscne, neamh-idirdhealú agus forbairt inbhuanaithe a urramú, i gcomhréir leis na prionsabail chothrománacha a leagtar síos in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 33(2), pointí (e) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’)***. Agus an rogha sin á déanamh, ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí

gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint chun gníomhaíochtaí faoin Ionstraim a chur chun feidhme.	comhréidhe, chomh maith le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais na hoibríochta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 125(1), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheith san áireamh anseo. Ba cheart don Aontas a bheith in ann cúraimí cur chun feidhme buiséid faoi Airteagal 62(1), pointe (c) (viii) de Rialachán (AE) 2024/2509 a chur ar iontaoibh Institiúid an Aontais um Staidéar Slándála agus ar an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint chun gníomhaíochtaí faoin Ionstraim a chur chun feidhme.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 83

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(83) Tá ról lárnach ag an meascadh agus ráthaíochtaí buiséadacha i straitéis infheistíochta an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta. Is iomchuí, dá bhrí sin, Bord Infheistíochta um an Eoraip Dhomhanda a chur ar bun chun treoraíocht straitéiseach agus oibríochtúil a sholáthar don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme.	(83) Tá ról lárnach ag an meascadh agus ráthaíochtaí buiséadacha i straitéis infheistíochta an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta. Is iomchuí, dá bhrí sin, Bord Infheistíochta um an Eoraip Dhomhanda a chur ar bun chun treoraíocht straitéiseach agus oibríochtúil a sholáthar don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme. ***Agus treoraíocht den sórt sin á tabhairt aige, ba cheart don Bhord cuspóirí an Aontais maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur san áireamh.***

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 91

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(91) Tá an Ionstraim le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) [XXX] [an Rialachán	(91) Tá an Ionstraim le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) [XXX] [an Rialachán

Feidhmíochta] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na prionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus comhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cinn sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.	Feidhmíochta] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear trí bhíthin rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na prionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus comhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, ***agus trí bhíthin príomhshruthú inscne i mbuiséadú lena ngabhann táscairí aschuir agus torthaí,*** rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais ***, lena n-áirítear trí anailís inscne agus measúnuithe inscne a chur i bhfeidhm agus trí thuarascáil a fhoilsiú ina ndéantar faireachán ar an Ionstraim de réir na scóranna comhionannais inscne a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) [XXX] [an Rialachán Feidhmíochta] agus na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán seo***, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cinn sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.
Leasú 35	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 92 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(92a) I gcomhréir le hAirteagal 8 agus 10 CFAE, ba cheart do ghníomhaíochtaí uile na hIontraime tacú le príomhshruthú inscne agus le príomhshruthú cuspóirí neamh-idirdhealaithe. Ba cheart comhionannas inscne a chomhtháthú ag gach céim de dhearadh, de chur chun feidhme, d’fhaireachán, de thuairisciú agus de mheastóireacht agus

	d'iniúchóireacht an timthrialla cistiúcháin. Le meastóireacht eatramhach agus meastóireacht deiridh an chláir, ba cheart tionchair inscne a mheas chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá sé ag rannchuidiú le comhionannas inscne agus chun measúnú a dhéanamh an bhfuil tionchair dhiúltacha neamhbheartaithe ag an Ionstraim ar chomhionannas inscne. Tá sé tábhachtach freisin faisnéis a chur ar fáil d'iarratasóirí maidir le conas comhionannas inscne a chur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le húsáid uirlisí príomhshruthaithe inscne. Ba cheart comhionannas inscne a áirithiú nuair a théitear i gcomhairle le saineolaithe agus geallsealbhóirí.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe -i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-i) cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta;

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) ***riachtanais ghéarchéime***, síochána agus ***beartais eachtraigh.***	(v) ***an beartas géarchéime***, síochána***, slándála*** agus ***eachtrach, lena n-áirítear do mhná agus do chailíní;***

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe v a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(va) an comhionannas inscne agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 – pointe b – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) seasamh le luachanna agus leasanna an Aontais, agus iad a chur chun cinn ar fud an domhain, chun cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaothrú, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) agus in Airteagail 8 agus 21 CAE;	(a) seasamh le luachanna agus leasanna an Aontais, agus iad a chur chun cinn ar fud an domhain, chun cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaothrú, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) agus in Airteagail 8 agus 21 CAE***, agus in Airteagal 208 CFAE agus sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt an 8 Meitheamh 2017 ('an Comhdhearcadh')***; ***ar an gcaoi sin, tacú leis an mbochtaineacht a laghdú agus a dhíothú, dul i ngleic le hidirdhealú agus neamhionannais, forbairt inbhuanaithe, síocháin agus slándáil a chur chun cinn, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine a chosaint, a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear cearta agus cumhachtú na mban, comhionannas inscne, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pá idir na hinscní i measc nithe eile trí thacaíocht do FBManna agus forbairt scileanna agus athchóiriú eacnamaíoch, beartais lena gcuirtear rannpháirtíocht i bhfostaíocht ardcháilíochta agus comhdheiseanna agus cothrom***

	iomaíochta don iomaíochas chun cinn, cosantóirí chearta an duine a chosaint, lena n-áirítear sna himthosca is deacra agus sna cásanna is práinní, tacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta, an comhshaol a chosaint agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta;

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) rannchuidiú le hiltaobhachas agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn, na gealltanais agus na cuspóirí idirnáisiúnta ar chomhaontaigh an tAontas leo a bhaint amach, go háirithe na spriocanna forbartha inbhuanaithe***, Clár*** Oibre 2030, Comhaontú Pháras ***agus*** Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;	(b) rannchuidiú le hiltaobhachas agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn***, a bhfuil an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár***, na gealltanais agus na cuspóirí idirnáisiúnta ar chomhaontaigh an tAontas leo a bhaint amach, go háirithe na spriocanna forbartha inbhuanaithe ***i gClár*** Oibre 2030, Comhaontú Pháras***,*** Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal ***agus Dearbhú Bhéising agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus torthaí a gcomhdhálacha athbhreithniúcháin***;

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhpháirtíochtaí comhthairbheacha níos láidre a chur chun cinn le tíortha comhpháirtíochta, rud a rannchuideoidh go comhuaineach le forbairt inbhuanaithe tíortha	(c) comhpháirtíochtaí comhthairbheacha níos láidre a chur chun cinn le tíortha comhpháirtíochta, ***lena n-áirítear tacaíocht don atógáil, don iomaíocht, don inbhuanaitheacht eacnamaíoch, do chumhachtú eacnamaíoch na mban agus, i gcás inarb***

comhpháirtíochta agus le leasanna straitéiseacha an Aontais.	***infheidhme, d'athchóirithe a bhaineann le haontachas***, rud a rannchuideoidh go comhuaineach le forbairt inbhuanaithe tíortha comhpháirtíochta agus le leasanna straitéiseacha an Aontais.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féachfaidh an tAontas ***le*** comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a áirithiú. Cuirfear ***sé*** san áireamh tionchar na mbeartas inmheánach agus seachtrach uile ar an bhforbairt inbhuanaithe agus cuirfidh sé sineirgí agus comhlántachtaí méadaithe chun cinn, go háirithe le trádáil agus infheistíocht, le comhar eacnamaíoch agus le comhar earnálach eile.	***Áiritheoidh*** an tAontas comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe. Cuirfear san áireamh ***leis*** tionchar na mbeartas inmheánach agus seachtrach uile ar an bhforbairt inbhuanaithe agus cuirfidh sé sineirgí agus comhlántachtaí méadaithe chun cinn, go háirithe le trádáil agus infheistíocht, le comhar eacnamaíoch agus le comhar earnálach eile.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh an Ionstraim rannchuidiú le gníomhaíochtaí arna mbunú agus arna gcur chun feidhme faoi Rialacháin (AE) [XXX] [an Ciste Eorpach um Iomaíochas], (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Fís Eorpach][48], agus (AE) [XXX] [an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa], nuair a bheidh na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo.	2. Féadfaidh an Ionstraim rannchuidiú le gníomhaíochtaí arna mbunú agus arna gcur chun feidhme faoi Rialacháin (AE) [XXX] [an Ciste Eorpach um Iomaíochas], (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Fís Eorpach][48], agus (AE) [XXX] [an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa], nuair a bheidh na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo. ***Déanfar breithnithe a bhaineann le comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch agus iomaíochas na mban a chomhtháthú sna gníomhaíochtaí sin.***

[48] Rialachán (AE) Uimh. [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, don tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 (IO L..., lch.).	[48] Rialachán (AE) Uimh. [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, don tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 (IO L..., lch.).

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tiomnófar méid nach lú ná EUR 25 000 000 000 ar bhonn neamh-inchúlghairthe do chabhair dhaonnúil faoin Rialachán seo ar feadh shaolré an chreata airgeadais. Imchlúdach airgeadais íosta agus bonnlíne íosta a bheidh sa mhéid sin agus ní dhéanfar é a laghdú, a ath-leithdháileadh, ná a ath-imscaradh chun críoch eile. I gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar riachtanais dhaonnúla mhéadaithe nó géarchéimeanna gan choinne, féadfar acmhainní breise a shlógadh trí ghníomhaíochtaí breise neamh-in-chlársceidealaithe nó tríd an gcúlchiste dá dtagraítear sa Rialachán seo.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Comhlíonfaidh ***90 %*** ar a laghad den chaiteachas faoin Ionstraim seo na critéir le haghaidh COF (‘sprioc COF’), agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le gealltanais chomhchoiteanna COF, lena n-áirítear i leith na dtíortha is lú forbairt. Má chailleann tír chomhpháirtíochta	5. Comhlíonfaidh ***93 %*** ar a laghad den chaiteachas faoin Ionstraim seo na critéir le haghaidh COF (‘sprioc COF’), agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le gealltanais chomhchoiteanna COF, lena n-áirítear i leith na dtíortha is lú forbairt. Má chailleann tír chomhpháirtíochta

incháilitheacht COF le linn thréimhse cur chun feidhme na hIonstraime, déanfar caiteachas a gealladh i bhfabhar na tíre comhpháirtíochta sin tar éis chailleadh na hincháilitheachta a eisiamh ón measúnú ar sprioc COF. Eisiafar an caiteachas dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ón measúnú ar sprioc COF.	incháilitheacht COF le linn thréimhse cur chun feidhme na hIonstraime, déanfar caiteachas a gealladh i bhfabhar na tíre comhpháirtíochta sin tar éis chailleadh na hincháilitheachta a eisiamh ón measúnú ar sprioc COF. Eisiafar an caiteachas dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ón measúnú ar sprioc COF.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Rannchuideoidh 50 % ar a laghad den chaiteachas faoin Ionstraim le forbairt an duine agus le cuimsiú sóisialta, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha ar ardchaighdeán, seirbhísí sláinte, oideachas, sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, cothú, uisce agus sláintíocht agus cosaint shóisialta, go háirithe do na daoine is imeallaithe. Áiritheoidh an Coimisiún go léireofar an sprioc sin i gclársceidealú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i dtuairisciú gníomhaíochtaí faoin Ionstraim.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5b. Déanfar 50 % ar a laghad den chaiteachas faoin Ionstraim a leithdháileadh ar na tíortha is lú forbairt agus ar thíortha comhpháirtíochta eile atá i staideanna leochaileacha agus ina bhfuil coinbhleacht.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5c. Chun cur chuige príomhshruthaithe agus spriocdhírithe maidir le comhionannas inscne a áirithiú, tiomnófar íosmhéid 85 % de COF an Aontais do chláir a bhfuil comhionannas inscne mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach acu (marcóir inscne G1 nó G2 Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE), agus tiomnófar íosmhéid 20 % de COF an Aontais do chláir a bhfuil comhionannas inscne mar phríomhchuspóir acu (marcóir G2 ECFE). Tiomnófar 5 % ar a laghad de ghealltanais bhliantúla COF chun tacú le heagraíochtaí um chearta na mban mar phríomhthairbhithe. Tuairisceoidh an Coimisiún go ráithiúil do Pharlaimint na hEorpa maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach, arna miondealú de réir réigiún geografach agus réimse téamach, le hanailís éagsúlachta agus pleananna gníomhaíochta ceartaithí má tá baol ann nach mbainfear spriocanna amach.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5d. Déanfar 15 % ar a laghad den chistiú in-chlársceidealaithe faoin Ionstraim a imfhálú lena chur chun feidhme ag eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna), lena n-áirítear eagraíochtaí ban agus eagraíochtaí LADTIA+, rud lena n-áiritheofar acmhainní agus spás intuartha agus tiomnaithe i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus lena gcumasófar ESSanna mar ghníomhaithe forbartha neamhspleácha.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua nó ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, amhail iad siúd ag teorainneacha an Aontais nó a chomharsan a bhaineann le géarchéim, bíodh sin ina ghéarchéim nádúrtha nó ina ghéarchéim de dhéanamh an duine, le coinbhleacht fhoréigneach agus cásanna iar-ghéarchéime, nó brú imirce agus easáitiú éigeantais;	(b) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua nó ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, amhail iad siúd ag teorainneacha an Aontais nó a chomharsan a bhaineann le géarchéim, bíodh sin ina ghéarchéim nádúrtha nó ina ghéarchéim de dhéanamh an duine, le coinbhleacht fhoréigneach agus cásanna iar-ghéarchéime, nó brú imirce agus easáitiú éigeantais***, lena n-áirítear cásanna lena mbaineann sáruithe forleathana ar chearta an duine, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe agus foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht***;

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Cuirfidh*** an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an ***Chomhairle ar an eolas*** go mionsonraithe sula slógfaidh sé cistí an chúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé a mbarúlacha maidir le cineál, cuspóirí agus méideanna airgeadais atá beartaithe san áireamh.	2. ***Rachaidh*** an Coimisiún ***i gcomhairle le*** Parlaimint na hEorpa agus ***leis*** an ***gComhairle*** go mionsonraithe sula slógfaidh sé cistí an chúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé a mbarúlacha maidir le cineál, cuspóirí agus méideanna airgeadais atá beartaithe san áireamh.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

1. Is iad beartais an Aontais, mar a leagtar amach i gcomhaontuithe comhlachais, i gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair, i gcomhaontuithe iltaobhacha ar páirtí iontu an tAontas, agus comhaontuithe eile lena mbunaítear caidreamh atá ceangailteach ó thaobh dlí idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta chomh maith le conclúidí ón gComhairle Eorpach, conclúidí ón gComhairle, dearbhuithe ó chruinnithe mullaigh nó conclúidí cruinnithe le tíortha comhpháirtíochta ar leibhéal na gceann stáit nó rialtais nó na n-airí, rúin ó Pharlaimint na hEorpa, teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus teachtaireachtaí comhpháirteacha leis an Ardionadaí, a bheidh sa chreat beartais foriomlán le haghaidh chur chun feidhme na hIonstraime.	1. Is iad beartais an Aontais, mar a leagtar amach i gcomhaontuithe comhlachais, i gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair, i gcomhaontuithe iltaobhacha ar páirtí iontu an tAontas, agus comhaontuithe eile lena mbunaítear caidreamh atá ceangailteach ó thaobh dlí idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta chomh maith le conclúidí ón gComhairle Eorpach, conclúidí ón gComhairle, dearbhuithe ó chruinnithe mullaigh nó conclúidí cruinnithe le tíortha comhpháirtíochta ar leibhéal na gceann stáit nó rialtais nó na n-airí, rúin ó Pharlaimint na hEorpa, teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus teachtaireachtaí comhpháirteacha leis an Ardionadaí, a bheidh sa chreat beartais foriomlán le haghaidh chur chun feidhme na hIonstraime ***i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais um Chearta an Duine agus an Daonlathas 2021-2027***.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Díreoidh an tAontas a acmhainní ar ***an gcás inar féidir leo an tionchar is claochlaithí a imirt*** d'fhonn tacú le forbairt inbhuanaithe agus freastal ar leasanna straitéiseacha an Aontais.	1. Díreoidh an tAontas a acmhainní ar ***thionchar claochlaitheach*** d'fhonn tacú le forbairt ***atá*** inbhuanaithe***, freagrúil ó thaobh inscne, neamh-idirdhealaitheach agus cuimsitheach, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil i dtíortha comhpháirtíochta*** agus ***d'fhonn*** freastal ar leasanna straitéiseacha an Aontais***, lena n-áirítear le haghaidh na mban agus na gcailíní***.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach i gcomhthéacsanna ina bhfuil leibhéil ***an-ard*** leochaileachta, i limistéir choinbhleachta, agus i suíomhanna casta eile.	Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach i gcomhthéacsanna ina bhfuil leibhéil ***arda*** leochaileachta, i limistéir choinbhleachta, agus i suíomhanna casta eile ***chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus chun páirt a ghlacadh ar bhealach cuimsitheach agus inscne-fhreagrúil i bpróisis síochána, lena n-áirítear coinbhleachtaí a chosc, réiteach, idirghabháil, cobhsú, athchóiriú na hearnála slándála agus iarrachtaí atógála trí dheireadh a chur le gach cineál foréigin inscnebhunaithe, trí athchóiriú inscne-fhreagrúil ar an earnáil slándála a chur chun cinn agus trí rochtain shábháilte ar shláinte agus ar chearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú, agus comhlíonadh iomlán a ghníomhaíochtaí leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 21 CAE á áirithiú ag an am céanna***.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcásanna géarchéime, iar-ghéarchéime nó fíorleochaileachta, tabharfar aird chuí ar riachtanais speisialta dhaonra na dtíortha comhpháirtíochta nó na réigiún comhpháirtíochta lena mbaineann. I gcás ina bhfuil tíortha comhpháirtíochta nó réigiúin chomhpháirtíochta rannpháirteach go díreach i gcás géarchéime, iar-ghéarchéime nó fíorleochaileachta, nó go bhfuil siad thíos leo, leagfar béim ar leith ar dhlús a chur leis an tacaíocht agus leis an gcomhordú i measc na ngníomhaithe ábhartha uile chun cabhrú leis an aistriú ó staid éigeandála go forbairt inbhuanaithe agus síocháin chobhsaí, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht idir comhar idirnáisiúnta	I gcásanna géarchéime, iar-ghéarchéime nó fíorleochaileachta, tabharfar aird chuí ar riachtanais speisialta dhaonra na dtíortha comhpháirtíochta nó na réigiún comhpháirtíochta lena mbaineann. I gcás ina bhfuil tíortha comhpháirtíochta nó réigiúin chomhpháirtíochta rannpháirteach go díreach i gcás géarchéime, iar-ghéarchéime nó fíorleochaileachta, nó go bhfuil siad thíos leo, leagfar béim ar leith ar dhlús a chur leis an tacaíocht agus leis an gcomhordú i measc na ngníomhaithe ábhartha uile chun cabhrú leis an aistriú ó staid éigeandála go forbairt inbhuanaithe agus síocháin chobhsaí, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht idir comhar idirnáisiúnta

agus cabhair dhaonnúil i gcomhréir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin.	agus cabhair dhaonnúil i gcomhréir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin ***agus le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le clár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh in iarrachtaí síochána ar an leibhéal áitiúil a dhéanann cothaitheoirí síochána ban***.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Féachfaidh*** an tAontas le prionsabail an daonlathais, an dea-rialachais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha ar a bhfuil sé bunaithe a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chomhdhlúthú, go háirithe trí idirphlé agus trí chomhar le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht i bhfóraim iltaobhacha.	3. ***Gníomhóidh*** an tAontas ***i gcomhréir*** le prionsabail an daonlathais, an dea-rialachais, an smachta reachta agus na hurraime ***don dlí idirnáisiúnta,*** do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha***, lena n-áirítear cearta na mban agus an comhionannas inscne*** ar a bhfuil sé bunaithe***, agus déanfaidh sé iad*** a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chomhdhlúthú, go háirithe trí idirphlé agus trí chomhar le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht i bhfóraim iltaobhacha. ***Tabharfar aird ar leith ar an gcomhrac in aghaidh an chúlaithe dhaonlathaigh agus an chúlaithe maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne agus ar athléimneacht dhaonlathach a neartú trí ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac, meáin shaora agus iolraíocha a chumhachtú, sábháilteacht agus neamhspleáchas gairmiúil iriseoirí ban a chosaint agus rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú, gach bean a chosaint ar fhoréigean agus ciapadh inscnebhunaithe ar líne agus as líne, rannpháirtíocht na saoránach agus na ngníomhaithe a chur chun cinn, cothroime agus sláine na bpróiseas toghchánach agus daonlathach eile a***

áirithiú, agus trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Le gníomhaíochtaí faoin Ionstraim seo, cuirfear cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i bhfeidhm lena gcuimseofar cearta uile an duine***. *Beidh an cur chuige sin á threorú ag na prionsabail ‘gan aon duine a fhágáil ar lár’,*** comhionannas, neamh-idirdhealú ar aon fhoras, lena n-áirítear ***i leith daoine*** faoi mhíchumas.	4. Le gníomhaíochtaí faoin Ionstraim seo, cuirfear cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i bhfeidhm lena gcuimseofar cearta uile an duine ***agus tacófar leis na sealbhóirí cirt a gcearta a éileamh,*** faoi threoir ***phrionsabail chothrománacha Airteagal 6(3) agus Airteagal 33(2)(e) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus na Cairte, lena n-áiritheofar go n-urramóidh gach gníomhaíocht luachanna an Aontais, cearta bunúsacha,*** comhionannas ***inscne, príomhshruthú inscne***, neamh-idirdhealú ar aon fhoras, lena n-áirítear ***ar bhonn inscne, aoise, míchumais, gnéaschlaonta, saintréithe gnéis, féiniúlachta, léiriú inscne, reiligiúin, nó gur de mhionlach iad, agus tabharfar aird ar leith ar mhná agus cailíní de gach aois, ar dhaoine*** faoi mhíchumas***, agus ar fhorbairt inbhuanaithe, chomh maith leis na prionsabail ‘gan aon duine a fhágáil ar lár’ agus ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’***.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Leis an Ionstraim, déanfar an comhionannas inscne agus ***cumhachtú*** na gcailíní agus na mban a chur chun cinn agus foréigean ***in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh*** a chosc agus a	5. Leis an Ionstraim, déanfar an comhionannas inscne agus ***cearta*** na gcailíní agus na mban***, a gcumhachtú agus neamh-idirdhealú ar aon fhoras*** a chur chun cinn***, trí ghníomhaíochtaí***

chomhrac**.** Tabharfar aird ar leith freisin ar chearta ***an linbh*** agus ar ***chosaint*** agus ar ***chumhachtú na hóige***.	***spriocdhírithe*** agus ***príomhshruthaithe i gcomhréir le Pleananna Gníomhaíochta um Inscne. Déanfaidh sé*** foréigean ***inscnebhunaithe de gach cineál*** a chosc agus a chomhrac ***freisin.*** Tabharfar aird ar leith ***san Ionstraim*** freisin ar chearta ***leanaí agus daoine óga*** agus ar ***a gcosaint*** agus ar ***a gcumhachtú, agus ar dhaoine a ndéanann idirdhealú trasnach difear dóibh, go háirithe mná agus cailíní, daoine LADTIA+ agus daoine faoi mhíchumas***.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme i gcomhréir iomlán le tiomantas an Aontais do chearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising[49] na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus do thorthaí a gcomhdhálacha athbhreithnithe agus leanann sí de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe***, sa chomhthéacs sin***. Tacóidh an Ionstraim freisin le tiomantas an Aontais do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus ***sláinte*** atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus cinneadh a dhéanamh ina leith gan bhac agus ar bhealach freagrach. Tacóidh sí leis an ngá le rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach faoin tsláinte ***ghnéis*** agus ***sláinte*** atáirgthe, agus ar an oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.	6. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme i gcomhréir iomlán le tiomantas an Aontais do chearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising[49] na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus do thorthaí a gcomhdhálacha athbhreithnithe agus leanann sí de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Tacóidh an Ionstraim freisin le tiomantas an Aontais do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ***agus a gcearta*** gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus cinneadh a dhéanamh ina leith gan bhac agus ar bhealach freagrach. Tacóidh sí leis an ngá le rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach faoin tsláinte ***agus cearta gnéis*** agus atáirgthe, agus ar an oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.

[49] Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising https://www.unwomen.org/sites/default/files/Headquarters/Attachments/Sections/CSW/PFA_E_Final_WEB.pdf.

[49] Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising https://www.unwomen.org/sites/default/files/Headquarters/Attachments/Sections/CSW/PFA_E_Final_WEB.pdf.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. I gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta cuimsithí***, i gcás inarb iomchuí***, áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle go cuí le páirtithe leasmhara ábhartha na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis áitiúla, agus go mbeidh rochtain thráthúil acu ar fhaisnéis ábhartha ionas gur féidir leo ról fóinteach a fheidhmiú le linn cheapadh, chur chun feidhme agus phróisis faireacháin ghaolmhara na gclár agus na ngníomhaíochtaí faoin Ionstraim.	9. I gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta cuimsithí, áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle go cuí le páirtithe leasmhara ábhartha na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban agus eagraíochtaí LADTIA+*** agus údaráis áitiúla, agus go mbeidh rochtain thráthúil acu ar fhaisnéis ábhartha ionas gur féidir leo ról fóinteach a fheidhmiú le linn cheapadh, chur chun feidhme agus phróisis faireacháin ghaolmhara na gclár agus na ngníomhaíochtaí faoin Ionstraim.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	9a. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le rochtain ar fhaisnéis.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. ***Déanfaidh*** an Coimisiún ***faisnéis a mhalartú*** ar bhonn tráthrialta leis an tsochaí shibhialta laistigh den Aontas.	10. ***Rachaidh*** an Coimisiún ***i mbun plé fóinteach trí idirphlé feabhsaithe agus trí mhalartú faisnéise*** ar bhonn tráthrialta leis an tsochaí shibhialta laistigh den Aontas. ***Cuirfidh sé faisnéis ar fáil do na heagraíochtaí sin a mhéid is féidir.***

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh cláir agus gníomhaíochtaí faoin Ionstraim an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, cosaint an chomhshaoil ***agus comhionannas*** inscne a phríomhshruthú, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) [XXX] [Rialachán Feidhmíochta]. Déanfar na tosaíochtaí sin a mheas agus gníomhaíochtaí faoin Ionstraim á gceapadh agus á gcur chun feidhme, agus é mar aidhm comhthairbhí a chruthú agus ilchuspóirí a chomhlíonadh ar bhealach comhleanúnach.	Le cláir agus gníomhaíochtaí faoin Ionstraim, déanfar an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, cosaint an chomhshaoil, ***cur chun cinn an chomhionannais*** inscne***, cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas agus cuimsiú*** a phríomhshruthú, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) [XXX] [an Rialachán Feidhmíochta]. Déanfar na tosaíochtaí sin a mheas agus gníomhaíochtaí faoin Ionstraim á gceapadh agus á gcur chun feidhme, agus é mar aidhm comhthairbhí a chruthú agus ilchuspóirí a chomhlíonadh ar bhealach comhleanúnach. ***Chun cur chuige príomhshruthaithe agus spriocdhírithe maidir le comhionannas inscne a áirithiú faoin Ionstraim, tá gá le hanailís inscne chun bonn eolais a chur faoi chláir agus faoi idirghabhálacha, lena n-áirítear cláir ilbhliantúla tháscacha. Chun a áirithiú go ndéanfar comhionannas inscne a chomhtháthú go córasach i ngníomhaíochtaí uile an Aontais chun comhionannas iarbhír a bhaint amach i gcomhréir leis na Conarthaí, agus go mbeidh príomhshruthú inscne sa bhuiséadú ina dhlúthchuid de CAI, comhlíonfaidh gach clár agus idirghabháil faoin Rialachán seo, lena n-***

	áirítear cláir ilbhliantúla tháscacha, prionsabal an phríomhshruthaithe inscne trí ghealltanas soiléir agus ceangailteach a áireamh i ngach céim den chlársceidealú, is é sin le rá i gcodanna deartha, cur chun feidhme agus rialaithe thimthriall an bhuiséid.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit comhairliúcháin thráthúla agus malartuithe minice faisnéise le chéile a áirithiú le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cur chun feidhme, lena bhféachfar le gníomhaíochtaí a shainaithint, a phlé agus a chur chun feidhme go comhpháirteach, lena n-áirítear i dtéarmaí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta.	2. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún***, ag Parlaimint na hEorpa*** agus ag na Ballstáit comhairliúcháin thráthúla agus malartuithe minice faisnéise le chéile a áirithiú le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cur chun feidhme, lena bhféachfar le gníomhaíochtaí a shainaithint, a phlé agus a chur chun feidhme go comhpháirteach, lena n-áirítear i dtéarmaí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Cuirfear gach gníomhaíocht chun feidhme agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, Coinbhinsiún Iostanbúl, agus Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne, agus i gcomhréir le prionsabail an Aontais lena dtreoraítear a ghníomhaíocht sheachtrach agus i gcomhréir le hAirteagal 21 CAE.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4b. Bainfidh an Coimisiún cothromaíocht chóir amach idir na cuspóirí cistiúcháin agus eiseoidh sé tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa ina sonrófar na méideanna iomlána sonracha do gach ceann acu.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfear cúnamh faoi chláir ilbhliantúla tháscacha iltíre, réigiúnacha nó trasréigiúnacha ar fáil go neamhspleách ar thoiliú an rialtais agus údaráis phoiblí eile na dtríú tíortha lena mbaineann i gcás ina gcumhdaíonn na cláir sin na colúin uile maidir leis an méid seo a leanas:
	(i) cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn;
	(ii) tacú leis an tsochaí shibhialta neamhspleách agus a gníomhaithe i dtíortha comhpháirtíochta a chumhachtú;
	(iii) an tsíocháin, an chobhsaíocht agus cosc coinbhleachtaí a chur chun cinn;
	(iv) comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le deontóirí agus gníomhaithe eile, lena n-áirítear údaráis áitiúla, ionadaithe na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí***, i gcás inarb ábhartha***.	Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ***Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, chomh maith le*** deontóirí agus gníomhaithe eile, lena n-áirítear údaráis áitiúla, ionadaithe na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí ***nuair a bheidh clársceidealú agus athchlárú á dhéanamh***.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Agus na doiciméid chlársceidealaithe á dtarraingt suas ag an gCoimisiún le haghaidh tíortha comhpháirtíochta agus réigiúin chomhpháirtíochta i gcásanna géarchéime, iar-ghéarchéime nó leochaileachta, déanfaidh sé anailís leochaileachta ina gcuirfear cur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta i bhfeidhm lena gcuirfear san áireamh riachtanais agus imthosca speisialta na dtíortha comhpháirtíochta nó na réigiún comhpháirtíochta lena mbaineann agus a ndaonra, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, ar leanaí agus ar dhaoine imeallaithe; i gcás ina bhfuil tíortha comhpháirtíochta nó réigiúin chomhpháirtíochta rannpháirteach go díreach i gcás géarchéime, iar-ghéarchéime nó leochaileachta, nó i gcás ina ndéanann cás den sórt sin difear dóibh, leagfar béim ar leith ar dhlús a chur leis an gcomhordú i measc na ngníomhaithe ábhartha uile chun cabhrú leis an aistriú ó staid éigeandála go forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear trí fhreagairt atá íogair ó thaobh inscne a chur chun cinn, agus tosaíocht á tabhairt do gach cineál foréigin a chosc, agus an clár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun cinn.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) beidh gníomhaíochtaí bunaithe, a mhéid is féidir, ar idirphlé idir an tAontas, na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus beidh an tsochaí shibhialta rannpháirteach iontu;	(a) beidh gníomhaíochtaí bunaithe, a mhéid is féidir, ar idirphlé idir an tAontas, na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ***go háirithe pobail bhundúchasacha,*** agus beidh an tsochaí shibhialta rannpháirteach iontu***, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí um chearta LADTIA+***;

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus na réigiún comhpháirtíochta, arna mbunú ar bhonn an idirphlé dá dtagraítear i mír 1, agus an straitéis agus an plean náisiúnta nó réigiúnach á gcur san áireamh freisin;	(a) tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus na réigiún comhpháirtíochta, arna mbunú ar bhonn an idirphlé dá dtagraítear i mír 1, agus an straitéis agus an plean náisiúnta nó réigiúnach***, agus tosaíochtaí na sochaí sibhialta,*** á gcur san áireamh freisin;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cumas agus tiomantas na dtíortha comhpháirtíochta agus na réigiún comhpháirtíochta comhluachanna agus comhphrionsabail a chur chun cinn, agus tacú le comhghuaillíochtaí iltaobhacha agus le córas idirnáisiúnta riailbhunaithe;	(d) cumas agus tiomantas na dtíortha comhpháirtíochta agus na réigiún comhpháirtíochta comhluachanna agus comhphrionsabail***, an smacht reachta, an daonlathas agus cearta an duine, lena n-áirítear an comhionannas inscne,*** a chur

	chun cinn, agus tacú le comhghuaillíochtaí iltaobhacha agus le córas idirnáisiúnta riailbhunaithe;

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar cláir ilbhliantúla tháscacha a athbhreithniú ar bhonn ad hoc de réir mar is gá ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach, go háirithe i gcás ina mbeidh athruithe substainteacha ar an gcreat beartais dá dtagraítear in Airteagal 8 nó tar éis cás géarchéime nó iar-ghéarchéime.	2. Féadfar cláir ilbhliantúla tháscacha a athbhreithniú ar bhonn ad hoc de réir mar is gá ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach, go háirithe i gcás ina mbeidh athruithe substainteacha ar an gcreat beartais dá dtagraítear in Airteagal 8 nó tar éis cás géarchéime nó iar-ghéarchéime***, agus rachfar i gcomhairle i gcónaí le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh.***

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo, amhail géarchéimeanna nó bagairtí láithreacha ar an tsíocháin, ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar chearta an duine nó ar shaoirsí bunúsacha, ***féadfaidh*** an Coimisiún cláir ilbhliantúla tháscacha dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16 a leasú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(5).	3. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo, amhail géarchéimeanna nó bagairtí láithreacha ar an tsíocháin, ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar chearta an duine nó ar shaoirsí bunúsacha, ***déanfaidh*** an Coimisiún cláir ilbhliantúla tháscacha dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16 a leasú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(5). ***Rachaidh se i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle faoi na leasuithe sin.***

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Coimisiún pleananna gníomhaíochta agus bearta bliantúla nó ilbhliantúla a ghlacadh. Féadfaidh na bearta a bheith i bhfoirm beart aonair, beart speisialta, beart tacaíochta nó beart cúnaimh eisceachtúil. Cuirfear an comhthéacs sonrach san áireamh ***sna pleananna gníomhaíochta agus sna bearta*** agus sonrófar iontu, i gcás gach gníomhaíochta, na cuspóirí arna saothrú, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na gníomhaíochtaí ábhartha, na modhanna cur chun feidhme chomh maith leis an mbuiséad agus aon chaiteachas tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.	1. Déanfaidh an Coimisiún pleananna gníomhaíochta agus bearta bliantúla nó ilbhliantúla a ghlacadh. Féadfaidh na bearta a bheith i bhfoirm beart aonair, beart speisialta, beart tacaíochta nó beart cúnaimh eisceachtúil. ***Áiritheofar leis na pleananna gníomhaíochta agus leis na bearta go mbeidh gné inscne ann trí chur chun feidhme na hanailíse inscne agus*** cuirfear an comhthéacs sonrach san áireamh ***iontu*** agus sonrófar iontu, i gcás gach gníomhaíochta, na cuspóirí arna saothrú, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na gníomhaíochtaí ábhartha, na modhanna cur chun feidhme chomh maith leis an mbuiséad agus aon chaiteachas tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 5 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcásanna géarchéime agus coinbhleachta fada, féadfaidh an Coimisiún an dara beart cúnaimh eisceachtúil de thréimhse suas le 18 mí a ghlacadh. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar tuilleadh beart a ghlacadh i gcás inar gá gníomhaíocht an Aontais a bheith leanúnach agus nach féidir í a áirithiú le modhanna eile.	I gcásanna géarchéime agus coinbhleachta fada, féadfaidh an Coimisiún an dara beart cúnaimh eisceachtúil de thréimhse suas le 18 mí a ghlacadh. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar tuilleadh beart a ghlacadh i gcás inar gá gníomhaíocht an Aontais a bheith leanúnach agus nach féidir í a áirithiú le modhanna eile. ***Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na bearta sin.***

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Faoi réir mhír 10 den Airteagal seo, beidh rannpháirtíocht i soláthar, deonú agus dámhachtain deontas ar oscailt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin.	4. Faoi réir mhír 10 den Airteagal seo, beidh rannpháirtíocht i soláthar, deonú agus dámhachtain deontas ar oscailt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ***agus d'eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta*** freisin.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gníomhaíochtaí eisiata	***Comhlíonadh chearta an duine agus faireachán orthu***

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní thacóidh cistiú ón Aontas faoin Ionstraim ***le gníomhaíochtaí*** ná ***le bearta*** a bhféadfadh sárú ar chearta an duine i dtíortha comhpháirtíochta a bheith mar thoradh orthu.	***Déanfar*** cistiú ón Aontas faoin Ionstraim ***a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáid an Aontais maidir le cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus áiritheoidh sé nach mbeidh aon tacaíocht ann do ghníomhaíochtaí*** ná ***do bhearta*** a bhféadfadh sárú ar chearta an duine***, lena n-áirítear cearta na mban agus cearta LADTIA+,*** i dtíortha comhpháirtíochta a bheith mar thoradh orthu***, i gcomhréir le hAirteagal 21 CAE***.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	Áiritheoidh an Coimisiún go mbunófar Sásra tiomnaithe fónta neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 21(1) CAE, lena n-áirítear cearta na mban agus cearta LADTIA+.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh an Sásra tuarascálacha bliantúla faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar aon le tuarascálacha tírshonracha arna iarraidh sin. Rachaidh an Sásra i mbun idirphlé débhliantúil le Parlaimint na hEorpa.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh sé d'údarás ag an Sásra a mholadh go gcuirfí gníomhaíochtaí ar fionraí i gcás ina mbíonn baint ag gníomhaíochtaí arna gcistiú go díreach nó go hindíreach ag an Aontas le sárú ar na hoibleagáidí faoi Airteagal 21(1). Cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar an eolas faoi mholadh den sórt sin.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(a) deontais ar luach íseal do chosantóirí chearta an duine chun gníomhaíochtaí agus riachtanais phráinneacha chosanta a mhaoiniú, lena n-áirítear trí shásraí chun cosantóirí chearta an duine atá i mbaol a chosaint, agus d'idirghabhálaithe agus do ghníomhaithe eile na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le hidirphlé a bhaineann le géarchéimeanna agus coinbhleachtaí armtha, réiteach coinbhleachtaí, athmhuintearas agus cothú na síochána, i gcás inarb iomchuí gan gá le cómhaoiniú;	(a) deontais ar luach íseal do chosantóirí chearta an duine***, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine do mhná agus cosainteoirí ceart LADTIA+,*** chun gníomhaíochtaí agus riachtanais phráinneacha chosanta a mhaoiniú, lena n-áirítear trí shásraí chun cosantóirí chearta an duine atá i mbaol a chosaint, agus d'idirghabhálaithe agus do ghníomhaithe eile na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le hidirphlé a bhaineann le géarchéimeanna agus coinbhleachtaí armtha, réiteach coinbhleachtaí, athmhuintearas agus cothú na síochána, i gcás inarb iomchuí gan gá le cómhaoiniú;

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) deontais, i gcás inarb iomchuí gan gá a bheith le cómhaoiniú, chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú sna dálaí is deacra i gcás nárbh iomchuí glao ar thograí a fhoilsiú, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil easpa thromchúiseach saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear sárú ar chearta an duine, bagairtí ar institiúidí daonlathacha, géarchéim nó coinbhleacht armtha a bheith ag dul in olcas, inar mó an baol do shlándáil an duine, nó ina bhfuil eagraíochtaí agus cosantóirí chearta an duine, idirghabhálaithe agus gníomhaithe eile den tsochaí shibhialta atá bainteach le hidirphlé i dtaca le cásanna géarchéime agus coinbhleachta armtha, le hathmhuintearas agus le cothú na síochána ag oibriú sna dálaí is deacra; ní bheidh na deontais sin os cionn EUR 1 000 000 agus ní bheidh ré na ndeontas sin níos faide ná 18 mí, agus féadfar síneadh 12 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás bacainní oibiachtúla gan choinne ar a gcur chun feidhme;	(b) deontais, i gcás inarb iomchuí gan gá a bheith le cómhaoiniú, chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú sna dálaí is deacra i gcás nárbh iomchuí glao ar thograí a fhoilsiú, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil easpa thromchúiseach saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear sárú ar chearta an duine, bagairtí ar institiúidí daonlathacha, géarchéim nó coinbhleacht armtha a bheith ag dul in olcas, inar mó an baol do shlándáil an duine, nó ina bhfuil eagraíochtaí agus cosantóirí chearta an duine, idirghabhálaithe agus gníomhaithe eile den tsochaí shibhialta atá bainteach le hidirphlé i dtaca le cásanna géarchéime agus coinbhleachta armtha, le hathmhuintearas agus le cothú na síochána***, agus aird ar leith á tabhairt ar ghníomhaithe ban,*** ag oibriú sna dálaí is deacra; ní bheidh na deontais sin os cionn EUR 1 000 000 agus ní bheidh ré na ndeontas sin níos faide ná 18 mí, agus féadfar síneadh 12 mhí a chur leis an

tréimhse sin i gcás bacainní oibiachtúla gan choinne ar a gcur chun feidhme;

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I réimsí a bhaineann le cosaint chearta an duine agus an daonlathais agus le tacaíocht do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, féadfaidh an tAontas cúnamh a sholáthar go neamhspleách ar thoiliú rialtas agus údarás poiblí eile de chuid na dtíortha comhpháirtíochta lena mbaineann; tacóidh na gníomhaíochtaí sin go príomha le gníomhaithe na sochaí sibhialta, agus foirmeacha agus modhanna cur chun feidhme, dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, á gcur san áireamh.	5. I réimsí a bhaineann le cosaint chearta an duine agus an daonlathais agus le tacaíocht do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, féadfaidh an tAontas cúnamh a sholáthar go neamhspleách ar thoiliú rialtas agus údarás poiblí eile de chuid na dtíortha comhpháirtíochta lena mbaineann; tacóidh na gníomhaíochtaí sin go príomha le gníomhaithe na sochaí sibhialta, agus foirmeacha agus modhanna cur chun feidhme, dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, á gcur san áireamh. ***Leis an Ionstraim, cuirfear an deis ar fáil scéimeanna athdheonaithe agus bratshásraí a úsáid chun cistiú a dhíriú ar ghníomhaithe túslíne agus ar eagraíochtaí sochaí sibhialta ar leibhéal an phobail, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban agus eagraíochtaí LADTIA+, agus cuntasacht agus maoirseacht chomhréireach á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.***

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh an tacaíocht bhuiséadach, lena n-áirítear trí chonarthaí feidhmíochta athchóirithe earnála, bunaithe ar úinéireacht na dtíortha, ar chuntasacht fhrithpháirteach agus ar ghealltanais tíortha chomhpháirtíochta, ina gcuirfear san áireamh ***a dteist agus a ndul chun cinn i***	Beidh an tacaíocht bhuiséadach, lena n-áirítear trí chonarthaí feidhmíochta athchóirithe earnála, bunaithe ar úinéireacht na dtíortha, ar chuntasacht fhrithpháirteach agus ar ghealltanais tíortha chomhpháirtíochta, ina gcuirfear san áireamh a n-urraim do luachanna uilíocha,

leith luachanna uilíocha, an ***daonlathais***, ***chearta*** an duine agus an ***smachta*** reachta, agus tá sí d'aidhm aici comhpháirtíochtaí conarthacha a neartú idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta. Áireofar uirthi sin idirphlé treisithe beartais, fothú acmhainneachta, agus rialachas feabhsaithe, lena gcomhlánófar iarrachtaí na gcomhpháirtithe níos mó a bhailiú agus a chaitheamh ar bhealach níos fearr chun tacú le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus cruthú post cuibhiúil, lena n-áirítear do dhaoine óga, díothú na bochtaineachta, laghdú neamhionannais, agus chun daonlathais agus sochaithe síochánta a thógáil agus a chomhdhlúthú. Beidh an tacaíocht bhuiséadach ina cuidiú le comhionannas inscne freisin.

an ***daonlathas***, ***cearta*** an duine***,*** ***comhionannas inscne*** agus an ***smacht*** reachta, agus tá sí d'aidhm aici comhpháirtíochtaí conarthacha a neartú idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta. Áireofar uirthi sin idirphlé treisithe beartais, fothú acmhainneachta, agus rialachas feabhsaithe, lena gcomhlánófar iarrachtaí na gcomhpháirtithe níos mó a bhailiú agus a chaitheamh ar bhealach níos fearr chun tacú le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus cruthú post cuibhiúil, lena n-áirítear do dhaoine óga, díothú na bochtaineachta, laghdú neamhionannais, agus chun daonlathais agus sochaithe síochánta a thógáil agus a chomhdhlúthú. Beidh an tacaíocht bhuiséadach ina cuidiú le comhionannas inscne freisin.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Úsáidfear an ráthaíocht bhuiséadach chun oibríochtaí ceannasacha, fo-cheannasacha agus príobháideacha na gcontrapháirteanna a ráthú.	1. Úsáidfear an ráthaíocht bhuiséadach chun oibríochtaí ceannasacha, fo-cheannasacha agus príobháideacha na gcontrapháirteanna a ráthú. ***Tabharfar tosaíocht d'eagraíochtaí sochaí sibhialta mar chomhpháirtithe cur chun feidhme. Cuirfear sásraí fónta ar bun chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do leasanna an Aontais agus iad ag comhoibriú le gníomhaithe príobháideacha mar chomhpháirtithe cur chun feidhme.***

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

b) Bunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe a neartú i gcomhréir leis an gcreat beartais um méadú, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, critéir eacnamaíocha, athchóiriú ar an riarachán poiblí, breithiúna neamhspleácha agus éifeachtúla, cearta bunúsacha, soláthar poiblí, staidreamh agus rialú airgeadais, ceartas, saoirse agus slándáil	b) Bunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe a neartú i gcomhréir leis an gcreat beartais um méadú, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, critéir eacnamaíocha, athchóiriú ar an riarachán poiblí, breithiúna neamhspleácha agus éifeachtúla, cearta bunúsacha, ***cearta na mban, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, comhionannas inscne trí chumhachtú eacnamaíoch agus trí chur chun feidhme éifeachta an smachta reachta,*** soláthar poiblí, staidreamh agus rialú airgeadais, ceartas, saoirse agus slándáil

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) Dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch agus rialála na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha leis an Aontas agus lena n-aistriú chuig geilleagair atá in ann brú margaidh iomaíoch mhargadh aonair an Aontais a sheasamh, go háirithe trí shreafaí trádála agus infheistíochta méadaithe, agus trí shlabhraí luacha athléimneacha agus inbhuanaithe lena gcuirtear poist chuibhiúla ar fáil, agus aistriú chuig geilleagar digiteach agus IS;	e) Dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch agus rialála na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha leis an Aontas agus lena n-aistriú chuig geilleagair atá in ann brú margaidh iomaíoch mhargadh aonair an Aontais a sheasamh, go háirithe trí shreafaí trádála agus infheistíochta méadaithe, agus trí shlabhraí luacha athléimneacha agus inbhuanaithe lena gcuirtear poist chuibhiúla ar fáil, ***lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú, na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní a laghdú agus fiontraíocht na mban a chur chun cinn*** agus aistriú chuig geilleagar digiteach agus IS ***atá cothrom ó thaobh inscne de***;

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

c) An smacht reachta ***a threisiú***, ***lena n-áirítear*** an ***t-éilliú a chomhrac agus a chosc***, agus urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, lena n-áirítear idirdhealú a chomhrac agus comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn agus foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean ***teaghlaigh a chosc agus a chomhrac***. Comhar breithiúnach a éascú, cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas agus inrochtaineacht a chur chun cinn, cearta íospartach coireachta a neartú agus rannchuidiú le daonlathas agus cobhsaíocht pholaitiúil a neartú;	c) An smacht reachta, ***comhrac agus cosc*** an ***éillithe***, agus urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha ***a threisiú***, lena n-áirítear ***trí*** idirdhealú ***trasnach*** a chomhrac agus comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn***,*** agus ***deireadh a chur le*** foréigean ***gnéasach*** agus foréigean ***inscnebhunaithe de gach cineál, agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú, lena n-áirítear frithghiniúint inacmhainne, ginmhilleadh saor in aisce, sábháilte agus dlíthiúil, agus cúram sláinte máthartha***. Comhar breithiúnach a éascú, cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas agus inrochtaineacht a chur chun cinn, cearta íospartach coireachta a neartú agus rannchuidiú le daonlathas agus cobhsaíocht pholaitiúil a neartú;

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ea) Tacú le cur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú ag gach céim de phróiseas síochána, agus i ngach institiúid agus próiseas a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, le síochánaíocht, le cothú na síochána agus le hathshlánú iarchoinbhleachta agus próisis atógála;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 2 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
m) An geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt agus béim ar leith á cur ar thacú le bonneagar digiteach slán iontaofa a chur i bhfeidhm, geilleagair sonraí agus IS a fhorbairt le tacaíocht chun Monarchana IS a chur ar bun agus IS a mhúnlú chun luachanna daonlathacha a chaomhnú agus an éagsúlacht chultúrtha a chosaint, le cur chun cinn Bonneagair Phoiblí Dhigitigh agus réiteach ríomhrialachais ábhartha amhail creataí um chéannacht dhigiteach lena gcaomhnaítear an príobháideachas, cumais chibearshlándála agus chibearchosanta a neartú;	m) An geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt agus béim ar leith á cur ar thacú le bonneagar digiteach slán iontaofa a chur i bhfeidhm, geilleagair sonraí agus IS a fhorbairt le tacaíocht chun Monarchana IS a chur ar bun agus IS a mhúnlú chun luachanna daonlathacha ***agus cearta na mban*** a chaomhnú agus ***an comhionannas inscne agus*** an éagsúlacht chultúrtha a chosaint, le cur chun cinn Bonneagair Phoiblí Dhigitigh agus réiteach ríomhrialachais ábhartha amhail creataí um chéannacht dhigiteach lena gcaomhnaítear an príobháideachas, cumais chibearshlándála agus chibearchosanta a neartú;

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 2 – pointe p

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
p) Forbairt agus cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, ar leanaí ***agus*** ar an óige, lena n-áirítear imirce daoine oilte a chosc, tacú le pobail leochaileacha, comhionannas, cuimsiú cultúrtha, oideachas ar ardchaighdeán, oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn, agus tacú le beartais fostaíochta, cearta oibrithe agus córais éifeachtacha cosanta sóisialta;	p) Forbairt agus cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, ar leanaí, ar an óige ***agus ar dhaoine faoi mhíchumasm agus orthu siúd a ndéanann idirdhealú trasnach difear dóibh***, lena n-áirítear ***trí*** imirce daoine oilte a chosc, tacú le pobail leochaileacha, ***neamh-idirdhealú agus*** comhionannas, ***lena n-áirítear comhionannas inscne,*** cuimsiú cultúrtha, oideachas ar ardchaighdeán, oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn, agus tacú le beartais fostaíochta, cearta oibrithe agus córais éifeachtacha cosanta sóisialta;

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 2 – pointe s

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
s) An tsochaí shibhialta a chumhachtú agus a hacmhainneacht a neartú maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe, tacú le cruthú timpeallachta cumasúcháin d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, iolrachas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht na meán saor agus neamhspleách a chur chun cinn agus a neartú, chomh maith le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin a fheabhsú;	s) An tsochaí shibhialta a chumhachtú agus a hacmhainneacht a neartú maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe, tacú le cruthú timpeallachta cumasúcháin d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ***lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí a chosnaíonn cearta na mban,*** iolrachas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht na meán saor agus neamhspleách a chur chun cinn agus a neartú, chomh maith le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin a fheabhsú;

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, i gcomhréir lena conair aontachais, ach aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha, slándála agus comhshaoil chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus rannchuidiú le bonneagar ríthábhachtach a atógáil, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, iompair agus digiteach, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le comhtháthú sóisialta, athléimneacht agus le téarnamh iarchogaidh shochaí shaor na hÚcráine a bheidh bríomhar ó thaobh an chultúir de, lena n-áirítear trí thacú leis an gcultúr agus leis an oidhreacht chultúrtha agus dálaí sóisialta agus eacnamaíocha a chruthú do dhaoine atá easáitithe ina dtír féin agus do dhaoine faoi chosaint shealadach chun filleadh ar an Úcráin a luaithe is féidir, agus iarshaighdiúirí a ath-imeascadh.	b) Tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, i gcomhréir lena conair aontachais, trí aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha, slándála agus comhshaoil chogadh foghach na Rúise san Úcráin***, chomh maith leis na hiarmhairtí ar an neamhionannas,*** agus rannchuidiú le bonneagar ríthábhachtach a atógáil, lena n-áirítear ***rochtain ar sheirbhísí a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear*** bonneagar fuinnimh, iompair agus digiteach***, agus trí chomhionannas inscne agus cearta na mban a neartú trí dhlús a chur le hathchóirithe agus institiúidí inscne-fhreagrúla chun ailíniú le ceanglais an Aontais maidir le Comhionannas Inscne***, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le comhtháthú sóisialta, athléimneacht agus le téarnamh iarchogaidh shochaí shaor na hÚcráine a bheidh bríomhar ó thaobh an chultúir de, lena n-áirítear trí thacú leis an gcultúr agus leis an oidhreacht chultúrtha agus dálaí

sóisialta agus eacnamaíocha a chruthú do dhaoine atá easáitithe ina dtír féin agus do dhaoine faoi chosaint shealadach chun filleadh ar an Úcráin a luaithe is féidir, agus iarshaighdiúirí a ath-imeascadh.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.A – pointe 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Tacú le hiarrachtaí cuntasachta i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear cúnamh chun coireanna idirnáisiúnta a rinneadh san Úcráin agus in aghaidh na hÚcráine a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe i ndáil le coir an fhogha, agus cúnamh le sásraí idirthréimhseacha ceartais agus cuntasachta, lena n-áirítear an Binse Speisialta maidir le coir an fhogha faoin Úcráin.	c) Tacú le hiarrachtaí cuntasachta i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear cúnamh chun coireanna idirnáisiúnta a rinneadh san Úcráin agus in aghaidh na hÚcráine ***agus mhuintir na hÚcráine*** a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ***lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht,*** go háirithe i ndáil le coir an fhogha, agus cúnamh le sásraí idirthréimhseacha ceartais agus cuntasachta, lena n-áirítear an Binse Speisialta maidir le coir an fhogha faoin Úcráin.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	a a) Tacú le cur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú ag gach céim de phróiseas síochána, agus i ngach institiúid agus próiseas a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, le síochánaíocht, le cothú na síochána agus le hathshlánú iarchoinbhleachta agus próisis atógála;

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d) Tacú leis an tslándáil i réimsí leasa choitinn, amhail an tslándáil sláinte, an tslándáil mhuirí, an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, an fhrithsceimhlitheoireacht, agus an chibearshlándáil agus fothú cibear-acmhainneachta;	d) Tacú leis an tslándáil i réimsí leasa choitinn, amhail an tslándáil sláinte***, lena n-áirítear rochtain shábháilte ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe***, an tslándáil mhuirí, an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, an fhrithsceimhlitheoireacht, agus an chibearshlándáil agus fothú cibear-acmhainneachta;

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) An daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine, an dea-rialachas, forbairt dhaonna agus an caidreamh idir daoine a chur chun cinn agus a chosaint	(3) An daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine, ***cearta na mban,*** an dea-rialachas, an comhionannas inscne, ***an comhionannas inscne,*** an fhorbairt dhaonna agus an caidreamh idir daoine a chur chun cinn agus a chosaint

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) An spás don tsochaí shibhialta, do ghníomhaithe sibhialta agus neamhstáit agus do na meáin neamhspleácha a chosaint; tacú leis an gcomhrac in aghaidh ionramháil ***agus cur isteach*** eachtrach ar fhaisnéis, ***tacú le hacmhainneachtaí áitiúla agus réigiúnacha chun cearta an***	b) An spás don tsochaí shibhialta, do ghníomhaithe sibhialta agus neamhstáit agus do na meáin neamhspleácha ***a neartú agus*** a chosaint***, sábháilteacht agus neamhspleáchas gairmiúil iriseoirí a chosaint agus rannpháirtíocht chomhionann iriseoirí ban a áirithiú,***

duine a chosaint, lena n-áirítear institiúidí náisiúnta um chearta an duine;	***iriseoirí ban a chosaint ar fhoréigean agus ciapadh inscnebhunaithe ar líne agus as líne***; tacú leis an gcomhrac in aghaidh ionramháil eachtrach ar fhaisnéis, ***cur isteach eachtrach agus bréagaisnéis inscne spriocdhírithe, mar a shainmhínítear thuas***;

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ba) Tacú le cosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear cosantóirí chearta na mban agus eagraíochtaí inscne agus LADTIA+ ar leibhéal an phobail, agus le hacmhainneachtaí áitiúla agus réigiúnacha chun cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear institiúidí náisiúnta um chearta an duine;

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	bb) Tacú le heagraíochtaí um chearta na mban mar phríomhspreagthaí don chomhionannas inscne, don fhorbairt inbhuanaithe, agus do laghdú na bochtaineachta agus don tsíocháin agus don tslándáil;

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

c) Cearta an duine, comhionannas inscne, cearta leanaí ***agus*** cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint agus a chur chun cinn, agus saothar leanaí agus idirdhealú ar aon fhoras a chomhrac;	c) Cearta an duine***, cearta na mban***, comhionannas inscne, ***sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe,*** cearta leanaí***,*** cearta daoine faoi mhíchumas***, daoine ó chúlraí ciníocha agus eitneacha tearcionadaithe, daoine LADTIA+, agus pobail dhúchasacha*** a chosaint agus a chur chun cinn ***mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP);*** saothar leanaí agus ***foréigean inscnebhunaithe de gach cineál,*** idirdhealú ar aon fhoras ***agus de gach cineál*** a chomhrac***, lena n-áirítear iad siúd a ndéanann cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe difear dóibh agus prionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn***;

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ca) Urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí a chosaint;

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d) Cáilíocht agus ábharthacht an oideachais, na sláinte agus na rochtana ar tháirgí sláinte agus ar chórais cosanta sóisialta a fheabhsú; cumhdach sláinte uilíoch a chothú;	d) Cáilíocht agus ábharthacht an oideachais, na sláinte agus na rochtana ar tháirgí sláinte***, lena n-áirítear rochtain shábháilte ar sheirbhísí agus tráchtearraí a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe*** agus ar chórais cosanta

sóisialta a fheabhsú; cumhdach sláinte uilíoch a chothú;

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.B – pointe 4 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) An t-aistriú digiteach a chur chun cinn chun deiseanna sochaíocha agus eacnamaíocha a chur ar fáil laistigh den earnáil phríobháideach agus den earnáil phoiblí araon. Bonneagair dhigiteacha shlána iontaofa a chur chun cinn chun bonn taca a chur faoi fhorbairtí amach anseo ar phríomhearnálacha eacnamaíocha agus criticiúla. Geilleagair sonraí agus IS a fhorbairt, lena n-áirítear tacú le héiceachórais nuálaíochta IS. Tacú le gníomhaíochtaí chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh ***agus*** chun réitigh nascachta digití atá inrochtana, inacmhainne, cuimsitheach agus slán a áirithiú.	e) An t-aistriú digiteach a chur chun cinn ***ar bhealach cuimsitheach*** chun deiseanna sochaíocha agus eacnamaíocha a chur ar fáil laistigh den earnáil phríobháideach agus den earnáil phoiblí araon. Bonneagair dhigiteacha shlána iontaofa a chur chun cinn chun bonn taca a chur faoi fhorbairtí amach anseo ar phríomhearnálacha eacnamaíocha agus criticiúla. Geilleagair sonraí agus IS a fhorbairt, lena n-áirítear tacú le héiceachórais nuálaíochta IS. Tacú le gníomhaíochtaí chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh***, lena n-áirítear an deighilt inscne a laghdú*** chun réitigh nascachta digití atá inrochtana, inacmhainne, cuimsitheach agus slán a áirithiú.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú le bonneagar agus nascacht atá inbhuanaithe, sábháilte, slán agus athléimneach, lena n-áirítear iompar inbhuanaithe agus sábháilte ar bhóthar agus ar iarnród, agus aeriompar agus muiriompar inbhuanaithe agus sábháilte a neartú, agus soghluaisteacht chliste, chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus glacadh breoslaí iompair inbhuanaithe a chur chun cinn;	a) Tacú le bonneagar agus nascacht atá inbhuanaithe, sábháilte, slán***, cuimsitheach*** agus athléimneach, lena n-áirítear iompar inbhuanaithe agus sábháilte ar bhóthar agus ar iarnród, agus aeriompar agus muiriompar inbhuanaithe agus sábháilte a neartú, agus soghluaisteacht chliste, chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus glacadh breoslaí iompair inbhuanaithe a chur chun cinn;

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) An geilleagar digiteach agus an geilleagar spáis a neartú, tacú le gníomhaíochtaí chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, bonneagair dhigiteacha shlána agus iontaofa a chur chun cinn, rialachas digiteach duine-lárnach a chur chun cinn, lena n-áirítear córais nua-aimseartha bainistíochta sonraí agus cosanta a fhorbairt le haghaidh sreafaí sábháilte sonraí, geilleagair sonraí agus IS a fhorbairt, lena n-áirítear tacú le héiceachórais nuálaíochta IS; tacú leis an gcibearshlándáil agus le fothú cibear-acmhainneachta;	b) An geilleagar digiteach agus an geilleagar spáis a neartú, tacú le gníomhaíochtaí chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh ***lena n-áirítear an deighilt inscne a laghdú chun réitigh nascachta digití inrochtana, inacmhainne, chuimsitheacha agus shlána a áirithiú***, bonneagair dhigiteacha shlána agus iontaofa a chur chun cinn, rialachas digiteach duine-lárnach a chur chun cinn, lena n-áirítear córais nua-aimseartha bainistíochta sonraí agus cosanta a fhorbairt le haghaidh sreafaí sábháilte sonraí, geilleagair sonraí agus IS a fhorbairt, lena n-áirítear tacú le héiceachórais nuálaíochta IS; tacú leis an gcibearshlándáil agus le fothú cibear-acmhainneachta;

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
h) Forbairt scileanna agus poist chuibhiúla a chothú, chomh maith le taighde agus nuálaíocht;	h) Forbairt scileanna agus poist chuibhiúla a chothú, ***deireadh a chur le bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní*** chomh maith le taighde agus nuálaíocht ***a chothú***;

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, ullmhacht i gcomhair tubaistí, agus laghdú riosca, agus aird ar leith á tabhairt ar na tíortha is leochailí amhail na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha;	a) Tacú le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, ullmhacht i gcomhair tubaistí, agus laghdú riosca, agus aird ar leith á tabhairt ar na tíortha is leochailí amhail na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha ***agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais shonracha gach mná agus na ndaoine sin atá i staideanna leochaileacha***;

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Forbairt an duine agus comhionannas inscne a chur chun cinn	(4) Forbairt an duine***, cearta na mban*** agus comhionannas inscne a chur chun cinn

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú le rochtain níos fearr ar oideachas, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar tháirgí sláinte, agus le cáilíocht fheabhsaithe na nithe sin, agus tacú le slándáil bia agus cothaithe, agus rochtain ar sholáthar uisce, sláintíocht agus seirbhísí dramhaíola, atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus sábháilte, a chur chun cinn;	a) Tacú le rochtain níos fearr ar oideachas ***do chách, lena n-áirítear feabhas a chur ar rochtain cailíní ar oideachas***, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar tháirgí sláinte, agus le cáilíocht na nithe sin, ***trí chórais seirbhísí poiblí agus gníomhaithe eile a neartú, tacú le córais sláinte a neartú, cumhdach uilíoch sláinte a bhaint amach agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn,*** agus tacú le slándáil bia agus cothaithe, agus rochtain ar sholáthar uisce, sláintíocht agus seirbhísí dramhaíola, atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus sábháilte, a chur chun cinn;

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 4 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Comhionannas inscne agus cearta ***agus cumhachtú*** na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, foréigean ***in aghaidh na mban agus*** foréigean teaghlaigh ***a chosc agus a chomhrac, cearta daoine faoi mhíchumas, cearta daoine óga agus cearta leanaí a chosaint, agus saothar*** leanaí ***a chomhrac***;	c) Comhionannas inscne agus cearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, ***deireadh a chur le*** foréigean ***inscnebhunaithe de gach cineál, lena n-áirítear cleachtais dhíobhálacha amhail*** foréigean teaghlaigh***, luathphósadh éigeantais agus pósadh*** leanaí ***agus ciorrú ball giniúna ban, agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú***;

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 4 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ca) Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chosaint;

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 4 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	cb) Cearta daoine óga agus leanaí a chur chun cinn agus a chosaint, saothar leanaí a chomhrac agus cumhachtú daoine óga a chothú i ngach réimse beartais agus i ngach próiseas institiúideach;

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 4 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	da) Tacú le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha na mban a bhaint amach go hiomlán, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rochtain na mban ar acmhainní eacnamaíocha, úinéireacht talún, seirbhísí airgeadais, agus obair chuibhiúil, tacú le fiontraithe ban agus FBManna faoi stiúir ban agus rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht eacnamaíoch;

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar na ***daoine is leochailí chun iad a*** chosaint;	c) Urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta ***agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta*** a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar ***riachtanais shonracha na mban, na leanaí agus*** na ***ndaoine sin atá i staideanna leochaileacha agus ar*** chosaint ***na mban, na leanaí agus na ndaoine sin***;

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 5 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d) ***Urraim do phrionsabail*** an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn***.***	d) ***An t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac, agus prionsabal*** an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn***, go háirithe comhionannas inscne, cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, cearta an linbh, daoine faoi mhíchumas, daoine ar de mhionlaigh iad, dhaoine LADTIA+, agus na bpobal dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na***

	Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP);

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 6 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Tacú leis an tsíocháin, leis an idirghabháil, leis an gcobhsaíocht agus le cosc coinbhleachtaí;	b) Tacú leis an tsíocháin, leis an idirghabháil, leis an gcobhsaíocht agus le cosc coinbhleachtaí ***agus tacú le cur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú ag gach céim de phróiseas síochána, maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus maidir le próisis téarnaimh agus atógála***;

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 7 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) Rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú, agus institiúidí Stáit agus údaráis áitiúla agus a n-oibríochtaí éifeachtacha a neartú i gcomhréir lena sainordú faoi leith;	e) Rannpháirtíocht ***fhóinteach*** leis an tsochaí shibhialta***, lena n-áirítear cearta na mban, cearta LADTIA+, agus eagraíochtaí pobail mar phríomhspreagthaí don chomhionannas inscne, don fhorbairt inbhuanaithe, do laghdú na bochtaineachta agus don tsíocháin agus don tslándáil***, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú, agus institiúidí Stáit agus údaráis áitiúla agus a n-oibríochtaí éifeachtacha a neartú i gcomhréir lena sainordú faoi leith;

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II.D – pointe 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú le bonneagar agus nascacht iompair atá inbhuanaithe, sábháilte, slán agus athléimneach, lena n-áirítear iompar ar bhóthar agus ar iarnród, aeriompar agus muiriompar, agus soghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus glacadh breoslaí iompair inbhuanaithe a chur chun cinn;	a) Tacú le bonneagar agus nascacht iompair atá inbhuanaithe, sábháilte, slán***,*** ***cuimsitheach*** agus athléimneach, lena n-áirítear iompar ar bhóthar agus ar iarnród, aeriompar agus muiriompar, agus soghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus glacadh breoslaí iompair inbhuanaithe a chur chun cinn;

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) Geilleagar slán digiteach agus spáis a chur chun cinn, tacú le gníomhaíochtaí chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, bonneagair dhigiteacha shlána iontaofa a chur chun cinn, rialachas digiteach duinelárnach a chur chun cinn, lena n-áirítear córais nua-aimseartha bainistíochta sonraí agus cosanta a fhorbairt le haghaidh sreafaí sábháilte sonraí;	e) Geilleagar slán digiteach agus spáis a chur chun cinn, tacú le gníomhaíochtaí chun an bhearna ***inscne*** dhigiteach a dhúnadh ***chun réitigh nascachta digití inrochtana, inacmhainne, chuimsitheacha agus shlána a áirithiú***, bonneagair dhigiteacha shlána iontaofa a chur chun cinn, rialachas digiteach duinelárnach a chur chun cinn, lena n-áirítear córais nua-aimseartha bainistíochta sonraí agus cosanta a fhorbairt le haghaidh sreafaí sábháilte sonraí;

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 1 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ia) Tacú le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha na mban a bhaint amach go hiomlán, lena n-áirítear trí rochtain na mban ar acmhainní eacnamaíocha, úinéireacht talún,

	seirbhísí airgeadais, agus obair chuibhiúil a mhéadú, tacú le fiontraithe ban agus le FBManna atá faoi stiúir ban agus rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht eacnamaíoch a mhéadú;

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Forbairt an duine agus comhionannas inscne a chur chun cinn	(3) Forbairt an duine***, cearta na mban*** agus comhionannas inscne a chur chun cinn

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú le rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar tháirgí sláinte agus ar chothú, agus le cáilíocht fheabhsaithe na nithe sin;	a) Tacú le rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar tháirgí sláinte***, lena n-áirítear seirbhísí agus tráchtearraí a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe,*** agus ar chothú***, agus le cáilíocht fheabhsaithe na nithe sin***;

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.C – pointe 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, ***cearta daoine faoi mhíchumas agus cearta leanaí a chosaint agus saothar leanaí a chomhrac, foréigean in aghaidh na mban agus***	c) Comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, ***deireadh a chur le*** foréigean ***gnéasach inscnebhunaithe de gach cineál, lena n-áirítear cleachtais dhíobhálacha amhail luathphósadh, pósadh éigeantais agus pósadh leanaí***

foréigean ***teaghlaigh a chosc agus a chomhrac***;	***agus ciorrú ball giniúna ban, agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú***;

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ca) Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chosaint;

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 3 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	cb) Cearta daoine óga agus leanaí a chur chun cinn agus a chosaint, saothar leanaí a chomhrac agus cumhachtú daoine óga a chothú i ngach réimse beartais agus i ngach próiseas institiúideach;

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) An daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus an dea-rialachas a chur chun cinn agus a chosaint	(5) An daonlathas, ***cearta na mban,*** an smacht reachta, cearta an duine agus an dea-rialachas a chur chun cinn agus a chosaint

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú leis an daonlathas, leis an smacht reachta, leis an dea-rialachas, leis an trédhearcacht agus leis an gcuntasacht, spás sibhialta a chosaint, le cosc agus comhrac an éillithe agus na saoirse ó phionós, agus le córais cheartais neamhspleácha, chuntasacha agus éifeachtúla;	a) Tacú leis an daonlathas***, le cearta na mban***, leis an smacht reachta, leis an dea-rialachas, leis an trédhearcacht agus leis an gcuntasacht, spás sibhialta a chosaint, le cosc agus comhrac an éillithe agus na saoirse ó phionós, agus le córais cheartais neamhspleácha, chuntasacha agus éifeachtúla;

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Tacú le rannpháirtíocht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, saoirse na meán, agus cumhachtú daoine óga sna réimsí beartais agus sna próisis institiúideacha uile, agus an rannpháirtíocht sin a áirithiú;	b) Tacú le rannpháirtíocht ***fhóinteach*** le heagraíochtaí na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban, eagraíochtaí um chearta LADTIA+ agus eagraíochtaí pobail***, saoirse na meán, agus cumhachtú daoine óga sna réimsí beartais agus sna próisis institiúideacha uile, agus an rannpháirtíocht sin a áirithiú;

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 6 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Tacú leis an tsíocháin, leis an idirghabháil, leis an gcobhsaíocht agus le cosc coinbhleachtaí;	b) Tacú leis an tsíocháin, leis an idirghabháil, leis an gcobhsaíocht agus le cosc coinbhleachtaí***, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú ag gach céim de phróiseas síochána, maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus maidir le próisis téarnaimh agus atógála***;

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.D – pointe 7 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) Rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú, agus institiúidí Stáit agus údaráis áitiúla agus a n-oibríochtaí éifeachtacha a neartú i gcomhréir lena sainordú faoi leith;	e) Rannpháirtíocht ***fhóinteach*** leis an tsochaí shibhialta***, lena n-áirítear cearta na mban, cearta LADTIA+, agus eagraíochtaí pobail mar phríomhspreagthaí don chomhionannas inscne, don fhorbairt inbhuanaithe, do laghdú na bochtaineachta agus don tsíocháin agus don tslándáil***, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú, agus institiúidí Stáit agus údaráis áitiúla agus a n-oibríochtaí éifeachtacha a neartú i gcomhréir lena sainordú faoi leith;

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 3 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ea) Tacú le cur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú ag gach céim de phróiseas síochána, maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus maidir le próisis téarnaimh agus atógála.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(4) Cearta an duine, forbairt an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn	(4) Cearta an duine, ***cearta na mban,*** forbairt an duine, ***an comhionannas inscne,*** an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, foréigean ***in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, chomh maith le cumhachtú daoine óga a chur chun cinn sna réimsí beartais agus sna próisis institiúideacha uile***;	b) Comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, ***deireadh a chur le*** foréigean ***gnéasach agus inscnebhunaithe de gach cineál, lena n-áirítear cleachtais dhíobhálacha, agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú***;

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 4 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ba) Cearta daoine óga agus leanaí a chur chun cinn agus a chosaint, agus cumhachtú daoine óga a chothú i ngach réimse beartais agus i ngach próiseas institiúideach;

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 4 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	bb) Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chosaint;

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 4 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) An spás don tsochaí shibhialta a chosaint, agus tacú le saoirse agus iolrachas na meán;	c) An spás don tsochaí shibhialta ***a neartú agus*** a chosaint, ***lena n-áirítear cearta na mban, cearta LADTIA+, agus eagraíochtaí pobail,*** agus tacú le saoirse agus iolrachas na meán;

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d) Tacú le rochtain níos fearr ar oideachas, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar tháirgí sláinte, agus le cáilíocht fheabhsaithe na nithe sin, agus tacú le slándáil bia agus cothaithe, agus rochtain ar sholáthar uisce sábháilte atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus éifeachtúlacht uisce, ar shláintíocht do chách agus seirbhísí dramhaíola, cearta daoine faoi mhíchumas agus leanaí a chosaint agus saothar leanaí a chomhrac;	d) Tacú le rochtain níos fearr ar oideachas, ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar tháirgí sláinte, ***lena n-áirítear seirbhísí agus tráchtearraí a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe,*** agus le cáilíocht fheabhsaithe na nithe sin, agus tacú le slándáil bia agus cothaithe, agus rochtain ar sholáthar uisce sábháilte atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus éifeachtúlacht uisce, ar shláintíocht do chách agus seirbhísí dramhaíola, cearta daoine faoi mhíchumas agus leanaí a chosaint agus saothar leanaí a chomhrac;

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.E – pointe 5 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
f) Rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú, agus institiúidí Stáit agus údaráis áitiúla agus a n-oibríochtaí éifeachtacha a neartú i gcomhréir lena sainordú faoi leith;	f) Rannpháirtíocht ***fhóinteach*** leis an tsochaí shibhialta***, lena n-áirítear cearta na mban, cearta LADTIA+, agus eagraíochtaí pobail mar phríomhspreagthaí don chomhionannas inscne, don fhorbairt inbhuanaithe, do laghdú na bochtaineachta agus don tsíocháin agus don tslándáil***, le húdaráis

	áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú, agus institiúidí Stáit agus údaráis áitiúla agus a n-oibríochtaí éifeachtacha a neartú i gcomhréir lena sainordú faoi leith;

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tacú le forbairt an duine	(1) Tacú le forbairt an duine ***agus le comhionannas inscne***

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Tacú le hoideachas agus scileanna atá cuimsitheach, cothrom agus ar ardchaighdeán, lena n-áirítear trí thionscnaimh dhomhanda agus taighde domhanda;	b) Tacú le hoideachas agus scileanna atá cuimsitheach, cothrom agus ar ardchaighdeán, lena n-áirítear trí thionscnaimh dhomhanda***, agus aird ar leith á tabhairt ar bhearnaí idir na hinscní a dhúnadh maidir le rochtain ar oideachas ETIM agus ar ghairmoiliúint***;

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Comhionannas inscne ***agus cumhachtú*** na mban agus na gcailíní a ***chur chun cinn*** agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais;	c) Comhionannas inscne ***a chur chun cinn agus cearta*** na mban agus na gcailíní a ***chosaint, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht eacnamaíoch, rochtain ar mhaoiniú, fiontraíocht*** agus ***ceannaireacht na mban a neartú,*** aghaidh a thabhairt ar neamhionannais***, rochtain***

shábháilte ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú;

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Dlús a chur le cur in úsáid nascachta digití atá inrochtana, inacmhainne, cuimsitheach, inbhuanaithe, sábháilte agus slán, lena n-áirítear nascacht satailíte, agus geilleagar digiteach atá duinelárnach agus slán, agus rialachas domhanda a chur chun cinn;	c) Dlús a chur le himscaradh na nascachta digití atá inrochtana, inacmhainne, cuimsitheach, inbhuanaithe, sábháilte agus slán, lena n-áirítear nascacht satailíte, ***bearta chun an deighilt inscne dhigiteach a dhúnadh*** agus geilleagar digiteach atá duinelárnach***, cuimsitheach*** agus slán, agus rialachas domhanda a chur chun cinn;

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) An daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint	(3) An daonlathas, cearta an duine***, cearta na mban*** agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chaomhnú, prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn, spás sibhialta cumasúcháin a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí chosantóirí chearta an duine agus a líonraí a chumhachtú ar fud an domhain;	a) Cearta an duine***, cearta na mban*** agus saoirsí bunúsacha a chaomhnú, ***an t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac, agus*** prionsabail an chomhionannais***, an chomhionannais inscne*** agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn***, go háirithe comhionannas inscne, cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní,***

	cearta an linbh, daoine faoi mhíchumas, daoine ar de mhionlaigh iad, dhaoine LADTIA+, agus na bpobal dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP); deireadh a chur le foréigean in aghaidh daoine bunaithe ar a ngnéaschlaonadh, a n-inscne, a bhféiniúlacht agus a léiriú inscne; spás sibhialta cumasúcháin a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí chosantóirí chearta an duine***, ina measc, cosantóirí chearta na mban agus cosantóirí ceart daoine LADTIA+,*** agus a líonraí a chumhachtú ar fud an domhain***, agus tacú le sásraí cosanta***;

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an daonlathas, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis ***agus*** bréagaisnéis, agus tacú le meáin shaora neamhspleácha;	c) Aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an daonlathas, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis***,*** bréagaisnéis***, lena n-áirítear bréagaisnéis inscne mar a shainmhínítear thuas, agus bagairtí hibrideacha, chomh maith le hiarrachtaí chun an bonn a bhaint ó chearta na mban agus na gcailíní agus ón gcomhionannas inscne***, agus tacú leis na meáin shaora ***iolraíocha*** neamhspleácha ***trí iriseoirí ar mná iad a chosaint go háirithe***;

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d) Tacú leis an smacht reachta ***agus*** leis an dlí idirnáisiúnta, agus iad a chosaint, lena n-áirítear trí shásraí ceartais	d) Tacú leis an smacht reachta***,*** leis an dlí idirnáisiúnta ***agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta***, agus iad a chosaint, lena

idirnáisiúnta, agus sásraí trédhearcachta agus cuntasachta.	n-áirítear trí shásraí ceartais idirnáisiúnta, agus sásraí trédhearcachta agus cuntasachta.

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) Córais, próisis agus struchtúir dhomhanda agus iltaobhacha chearta an duine a neartú.	e) Córais, próisis agus struchtúir dhomhanda agus iltaobhacha chearta an duine a neartú***, tacú le comhionannas inscne, cearta mionlaigh agus an daonlathas***.

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 3 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ea) Rannpháirtíocht na mban in institiúidí daonlathacha agus i rialachas poiblí a neartú ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí oiliúint cheannaireachta agus fothú acmhainneachta institiúidí.

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) Tacú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus le cosc coinbhleachtaí trí fhadbhreathnaitheacht, anailís ar choinbhleachtaí, luathrabhadh, cothú na síochána, idirghabháil agus idirphlé;	a) Tacú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus le cosc coinbhleachtaí trí fhadbhreathnaitheacht, anailís ar choinbhleachtaí, luathrabhadh, cothú na síochána ***agus cothaitheoirí síochána ban***, idirghabháil agus idirphlé;

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 4 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	aa) Tacú le cur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú ag gach céim de chothú na síochána, lena n-áirítear cosc coinbhleachtaí, idirghabháil, réiteach, téarnamh, atógáil agus athshlánú iarchoinbhleachta agus, an tráth céanna, cobhsaíocht, athléimneacht agus rialachas cuimsitheach a neartú;

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) Dul i ngleic le bagairtí domhanda, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, bagairtí spáis agus cibearbhagairtí, agus an tslándáil mhuirí agus eitlíochta a chur chun cinn;	b) Dul i ngleic le bagairtí domhanda, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, bagairtí spáis agus cibearbhagairtí, ***lena n-áirítear trasnaíocht eachtrach lena ndírítear ar institiúidí daonlathacha agus ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta na mban,*** agus an tslándáil mhuirí agus eitlíochta a chur chun cinn;

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 4 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Cobhsaíocht agus slándáil a mhéadú trí thionscnaimh iltaobhacha in aghaidh na sceimhlitheoireachta, an radacaithe agus an antoisceachais fhoréignigh, chomh maith le comhar	c) Cobhsaíocht agus slándáil a mhéadú trí thionscnaimh iltaobhacha ***agus straitéisí coisctheacha réamhbhreathnaitheacha inscne-fhreagrúla lena bhfeabhsaítear***

domhanda in aghaidh na gáinneála aindleathaí agus na coireachta eagraithe;	***athléimneacht struchtúrach ghníomhaithe na sochaí sibhialta*** in aghaidh na sceimhlitheoireachta, an radacaithe agus an antoisceachais fhoréignigh, chomh maith le comhar domhanda in aghaidh na gáinneála aindleathaí agus na coireachta eagraithe;

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 4 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) Tacú le tionscnaimh dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide agus comhshaoil a bhféadfadh tionchar díchobhsaitheach a bheith acu ar an tsíocháin agus ar an tslándáil;	e) Tacú le tionscnaimh dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide agus comhshaoil a bhféadfadh tionchar díchobhsaitheach a bheith acu ***ar an gcomhshaol, ar an tsláinte, ar mhná,*** ar an tsíocháin agus ar an tslándáil;

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) Acmhainneachtaí institiúideacha agus oibríochtúla líonraí údarás áitiúil agus chomhghuaillíochtaí forbartha thíortha na hEorpa agus tíortha comhpháirtíochta a neartú;	c) Acmhainneachtaí institiúideacha agus oibríochtúla líonraí údarás áitiúil agus chomhghuaillíochtaí forbartha thíortha na hEorpa agus tíortha comhpháirtíochta a neartú***, lena n-áirítear trí rialachas cuimsitheach, cumhachtú na mban i gceantair thuaithe agus shléibhtiúla agus ceannaireacht na mban ar an leibhéal áitiúil a chur chun cinn***;

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 5 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

d) Acmhainneachtaí a mhéadú agus comhpháirtíochtaí a choinneáil ar bun le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, líonraí, ardáin agus comhghuaillíochtaí thíortha na hEorpa agus tíortha comhpháirtíochta chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú do rannpháirtíocht na saoránach agus do ghníomhaíocht na sochaí sibhialta, lena n-áirítear san Aontas;	d) Acmhainneachtaí a mhéadú agus comhpháirtíochtaí a choinneáil ar bun le heagraíochtaí na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear i gcás eagraíochtaí a chuireann luachanna daonlathacha, comhionannas inscne, cearta na mban agus an smacht reachta chun cinn***, líonraí, ardáin agus comhghuaillíochtaí thíortha na hEorpa agus tíortha comhpháirtíochta chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú do rannpháirtíocht na saoránach agus do ghníomhaíocht na sochaí sibhialta, lena n-áirítear san Aontas;

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II.F – pointe 5 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	da) Tacú le heagraíochtaí um chearta na mban mar phríomhspreagthaí don chomhionannas inscne, don fhorbairt inbhuanaithe, agus do laghdú na bochtaineachta agus don tsíocháin agus don tslándáil;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
European Parliamentary Forum for Sexual & Reproductive Rights
Concord
Save the Children
UNICEF
UN Women
UNFPA
IPPF
Equipop
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda	
Tagairtí	COM(2025)0551 – C10-0175/2025 – 2025/0227(COD)	
Coiste freagrach/coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) 23.10.2025	an Coiste um Fhorbairt 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	FEMM 23.10.2025	
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Abir Al-Sahlani 15.1.2026	
Pléite sa choiste	25.2.2026	24.3.2026
Dáta an ghlactha	3.6.2026	
Toradh na vótála críochnaithí	+: –: 0:	25 7 1

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

25	+
PPE	Loucas Fourlas, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Maria Walsh
PfE	Mathilde Androuët
Renew	Abir Al-Sahlani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Dainius Žalimas
S&D	Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Alessandra Moretti, Emma Rafowicz, Cecilia Strada, Marko Vešligaj
The Left	Sebastian Everding, Kathleen Funchion
Verts/ALE	Alice Kuhnke, Anna Strolenberg, Thomas Waitz

7	-
ECR	Beatrice Timgren, Laurence Trochu
ESN	Irmhild Boßdorf
PfE	Mieke Andriese, Elisabeth Dieringer, Sebastian Kruis, Margarita de la Pisa Carrión

1	0
ECR	Chiara Gemma

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh